

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL

2024



IAASA

Irish Auditing & Accounting
Supervisory Authority



SÉANADH

Cé gur rinneadh gach iarracht chun cruinneas na faisnéise atá sa doiciméad seo a áirithiú, ní ghlacann ÚMICÉ aon fhreagracht ná dliteanas, is cuma cén chaoi a n-eascaíonn siad, as aon earráidí, míchruinneas nó neamhaird a tharlaíonn.

Forchoimeádann ÚMICÉ an ceart gníomhú, nó staonadh ó ghníomhú, a d'fhéadfadh a bheith nó nach bhféadfadh a bheith i gcomhréir leis an doiciméad seo.

CLÁR ÁBHAR

FÍS, MISEAN AGUS LUACHANNA	4
STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA	5
ÁR bhFEIDHMEANNA	6
MAIDIR LEO A nDÉANAIMID RIALÚ ORTHU	6
BUAICPHOINTÍ 2024	7
CAIBIDIL 1: RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH	8
CAIBIDIL 2: CAIGHDEÁIN AGUS POLASAÍ	15
CAIBIDIL 3: MAOIRSEACHT AR CHOMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA	18
CAIBIDIL 4: MAOIRSEACHT AR THUAIRISCIÚ CORPARÁIDEACH	21
CAIBIDIL 5: MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT DEARBHAITHE	24
CAIBIDIL 6: FORFHEIDHMIÚ	28
CAIBIDIL 7: SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA	31
CAIBIDIL 8: FORBAIRT EAGRAÍOCHTÚIL	34
CAIBIDIL 9: RIALACHAS AGUS STRUCHTÚR	38
CAIBIDIL 10: RÁITIS AIRGEADAIS AGUS RÁITIS GHAOLMHARA 2024	50
AGUISÍNÍ	85
GLUAIS	100

FÍS

Muinín agus iontaoibh an phobail in iniúcháireacht agus cuntasaíocht ar ardchaighdeán



MISEAN

Tuairisciú corparáideach ar ardchaighdeán agus gairm chuntasach a choinneáil



ÁR LUACHANNA



BARR FEABHAIS

Ár ndícheall a dhéanamh



NEAMHSPLEÁCHAS


Neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht a rialú



IONRACAS

Bheith iontaofa agus measúil

STRAITÉISÍ AGUS SNÁITHEANNA



ÁR bhFEIDHMEANNA



Glacann ÚMICÉ **caighdeáin** maidir le hiniúcháireacht, eitic, rialú ar cháilíocht inmheánach, agus dearbhú inbhuanaitheachta d'iniúcháirí reachtúla



Déanann ÚMICÉ maoirseacht ar **chomhlíonadh** eintitis liostaithe áirithe **caighdeán tuairiscithe corparáideach** agus ceanglas dhlíthiúil AE ina **dtuarascálacha corparáideacha** bliantúla agus leathbhliantúla



Déanann ÚMICÉ **maoirseacht ar an gcaoi** a rialaíonn agus a ndéanann na **Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe (PABanna)** monatóireacht ar a mbaill. Déanann ÚMICÉ maoirseacht freisin ar an gcaoi **a ndéanann na Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (RABanna) maoirseacht ar iniúcháirí reachtúla** agus ar sholáthraithe seirbhísí dearbhaithe inbhuanaitheachta.



Déanann ÚMICÉ cigireacht ar **cháilíocht an obair iniúcháireachta agus dearbhaithe inbhuanaitheachta** a dhéanann iniúcháirí agus soláthraithe seirbhísí dearbhaithe inbhuanaitheachta na n-eintiteas leasa phoiblí



Déanann ÚMICÉ **imscrúduithe ar neamhrialtachtaí amhrasta** i seoladh iniúchtaí ar eintitis leasa phoiblí, chomh maith le fiosrúcháin ar sháruithe nósanna imeachta ag PABanna agus RABanna

MAIDIR LEO A nDÉANAIMID RIALÚ ORTHU

5

Chomhlacht Cuntasaíochta Forordaithe faoi mhaoirseacht, lena n-áirítear **2** atá ina gComhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta freisin

79

Eisitheoir faoi lucht scrúdaithe tuairiscithe corparáidigh, comhdhéanta de **18** eisitheoir cothromais, **5** eisitheoir ciste aonaid, agus **56** eisitheoir fiachais

1,083

Gnólacht iniúcháireachta reachtúla ceadaithe chun iniúcháireacht a dhéanamh in Éirinn

8

ngnólacht iniúcháireachta Eintitis Leasa Phoiblí (PIE), ag iniúchadh **502** PIE

45,896

Comhalta de Chomhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe in Éirinn

2024 BUAICPHOINTÍ

Scrúdaíodh

33

tuarascáil
chorparáideacha,
a chlúdaigh

84

ábhar ar
leithligh

Rinneadh
cigireacht ar

31

iniúchadh

PIE

Glacadh le
**ISAE (Éire)
3000**

maidir le tuairisciú
inbhuanaitheachta
dearbhaithe

Cuireadh i gcrích
**athbhreithniú
téamach ar
rialachas PAB**

ar fheidhmeanna
rialála

**Cuireadh ar
ceal aitheantas**

Institiúid na gCuntasóirí
Poiblí Deimhnithe
in Éirinn

D'fhoilsigh sé
**cinneadh amháin
maidir le tuairisciú
airgeadais**
agus cheangail sé
ar eisitheoir eile
**fógra ceartaitheach
poiblí**
a fhoilsiú

Rinneadh
**gníomhaíochtaí
ullmhachta CSRD**

cuimsitheacha, lena
n-áirítear creatlacha
maoirseachta,
rannpháirtíocht le
geallsealbhóirí, agus
oiliúint foirne

Óstáladh
**Ceardlann
Cigireachta
IFIAR**

**Eagraíodh
comhdháil**

ar inbhuanaitheacht
a leabú in oideachas
cuntasaíochta

Críochnaíodh
**athbhreithniú
ar Sceideal na
nÁbhar atá
Forchoimeádta
don Bhord**

CAIBIDIL 1

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH AGUS ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



1 RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

ÉIST LEIS AN LEAGAN FUAIME (I MBÉARLA) 

Réamhrá

Is í seo an naoú Tuarascáil Bhliantúil déag ó ÚMICÉ (an tÚdarás), agus cuirim faoi bhráid an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta í i gcomhréir le halt 928(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 (an tAcht). Déanann Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí a rinne an tÚdarás le linn 2024, agus tugann an chuid eile den Tuarascáil seo tuilleadh sonraí faoi na gníomhaíochtaí sin. I mo Ráiteas, díreoidh mé ar chomhthéacs straitéiseach an Údaráis chomh maith le hachóimre a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí rialachais a rinne an bord i rith na bliana.



Rialachas

Buailim le chéile le mo chomhchomhaltaí boird go rialta i rith na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Údaráis agus chun nithe a bhaineann le straitéis, riosca agus airgeadas a bhreithniú. Chomh maith leis sin, cuireann an bord comhairle ar fáil d'fhoireann cheannaireachta an Údaráis maidir le nithe rialála agus oibríochtúla, déanann sé athbhreithniú ar a fheidhmíocht féin, agus comhlíonann sé a dhualgais reachtúla faoi dhlí na gcuideachtaí.

Buaileann an bord le foireann an Údaráis go rialta ina oifigí ar an Nás. Uair sa bhliain, tagann comhaltaí an bhoird le chéile chun lá a chaitheamh ar shaincheisteanna straitéiseacha. Le linn 2024, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar a sceideal de chúrsaí forchoimeádta, ina leagtar amach na nithe sin atá le breithniú ag an mbord. Chinn coiste an bhoird a bunaíodh chun an t-athbhreithniú a dhéanamh go bhfuil an sceideal reatha sásúil go ginearálta ach

mhol sé go ndéanadh an bord athbhreithniú tréimhsiúil ar phróisis chinnteoireachta rialála áirithe. Cuireadh an moladh seo i bhfeidhm i rith na bliana.

Maoirseacht

Tagann clár oibre trí bliana reatha ÚMICÉ chun deiridh ag deireadh 2025. Déanann an bord maoirseacht ar fhorbairt an chlár agus déanann sé measúnú bliantúil ar fheidhmíocht an Údaráis ina choinne. Le linn 2024, bhí seisiún tiomnaithe ag an mbord ar thionchar na Treorach um Thuairisciú Inbhu-anaitheachta Corparáidí (CSRD) ar ÚMICÉ, rinne sé athbhreithniú ar phlean bainistíochta géarchéime an Údaráis, bhreithnigh sé rannpháirtíocht ilghnéitheach an Údaráis leis an Roinn, agus thug sé cuireadh do shainchainteoir an bord a chur ar an eolas faoin intleacht shaorga agus faoina tionchar féideartha. Déanann an bord athbhreithniú bliantúil freisin ar chásanna forfheidhmithe a dhéanann an tÚdarás agus faigheann sé eolas ó bhainisteoirí

sinsearach ar chúrsaí oibríochtúla ar bhonn uainíochta.

Inbhuanaitheacht

Leagtar amach in athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh, agus i mórán de shonraí na tuarascála seo go deimhin, an obair ullmhúcháin fhairsing a rinne ÚMICÉ le linn 2024 maidir le CSRD. Beidh tionchar dosheachanta ag cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an chéad chéim eile den chur i bhfeidhm a stopadh go dtí go ndéanfar athbhreithniú níos leithne ar na hullmhúcháin sin. É sin ráite, tá go leor de na heintitis a bhí faoi raon feidhme maoirseacht rialála ÚMICÉ ar dtús fós sa raon feidhme sin in ainneoin na moltaí a leag an Coimisiún amach. Sa chomhthéacs sin, tá ullmhúcháin an Údaráis ina gcúnamh maith dúinn le linn na céime aithrí agus sa todhchaí nuair a chríochnóidh an Coimisiún a athbhreithniú, agus nuair a leasófar na ceanglais.

Córas rialála

Tá sainchúram ÚMICÉ den chuid is mó, cé nach go heisiach, á thiomáint ag reachtaíocht Eorpach, toisc gur inniúlachtaí de chuid an AE iad tuairisciú corparáideach, iniúcháireacht agus dearbhú. Tar éis toghcháin le déanaí, beidh ar an gCoimisiún nua aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheistanna atá fós gan réiteach sa bhreis ar a aidhm shonraithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta a shimpliú. Tá athbhreithniú ar reachtaíocht iniúcháireachta reachtúla an AE ag teastáil go géar, agus cuirfidh ÚMICÉ leis an athbhreithniú sin trína bhallraíocht ar Choiste na gComhlachtaí Eorpacha Maoirseachta Iniúcháireachta (CEAOB). Bhí ár bPríomhfheidhmeannach ina chathaoirleach ar Thascfhórsa Rialacháin agus Treorach Iniúcháireachta CAOAB, a d'eisigh a mholtaí in 2023, agus déanfaidh CAOAB iarracht na moltaí sin a chur chun cinn faoina Chathaoirleach nua, Panos Prodromides.

Tá athruithe le tarlú gan mhoill freisin i reachtaíocht frith-sciúradh airgid a mbeidh

tionchar acu ar ghairm na cuntasaíochta agus na hiniúcháireachta. Tá an tÚdarás i mbun idirchaidreamh leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Dlí agus Cirt lena áirithiú go bhfuil trasuíomh na bhforálacha in Éirinn oiriúnach do struchtúr na gairme in Éirinn.

Rannpháirtíocht idirnáisiúnta

Oibríonn ÚMICÉ lena phiaraí idirnáisiúnta san Eoraip agus ar fud an domhain chun tacú lena chuid oibre maidir le rialáil. Glacann go leor baill foirne ÚMICÉ páirt i ngrúpaí oibre agus i bhfoghruipaí a chuireann le forbairt agus léirmhíniú tuairiscithe airgeadais, tuairiscithe inbhuanaitheachta, agus caighdeán dearbhaithe. Cuireann siad le comhroinnt dea-chleachtas maidir le rialáil agus forfheidhmiú, agus baineann siad leas as sin. Neartaíonn na gníomhaíochtaí sin cumas ÚMICÉ a chuid oibre maidir le rialáil a dhéanamh agus tionchar a imirt ar threo na rialála.

Is ball boird de Fhóram Idirnáisiúnta na Rialtóirí Iniúcháireachta Neamhspleácha (IFIAR) í ÚMICÉ, agus toghadh a Phríomhfheidhmeannach ina Leas-Chathaoirleach in 2023. Ag deireadh 2024, chuir sé in iúl go raibh sé ar intinn aige seasamh do phost Chathaoirleach IFIAR, agus cheadaigh ballraíocht IFIAR é sin ag a gcruinniú iomlánach in 2025, rud a tionóladh díreach sula scríobhadh an tuarascáil seo. Is mór an teist a cheapadh ar an dianobair atá déanta aige féin agus ag a chomhghleacaithe le roinnt blianta anuas chun tacú le cáilíocht iniúcháireachta ar fud an domhain. Déanaim comhghairdeas leis agus guím gach rath air ina théarma dhá bhliain.

Athruithe ar an mBord

Ag deireadh na bliana 2024, tháinig deireadh le téarma ceapacháin Martin Sisk mar Chathaoirleach. Le linn a ocht mbliana sa ról, rinne sé maoirseacht ar fhorbairt shainchúram iniúcháireachta reachtúla ÚMICÉ, ar eisiúint caighdeán dearbhaithe iniúcháireachta agus inbhuanaitheachta, ar

leathnú a ghníomhaíochta forfheidhmithe, agus ar bheagnach dúbailt líon na foirne. Sa tréimhse sin, d'fhreagair an tÚdarás dúshlán Brexit, COVID-19, agus le déanaí CSRD. Guím gach rath air agus gabhaim buíochas leis as a cheannaireacht.

Chuaigh mé isteach sa bhord i mí na Nollag 2020, agus ba mhór an onóir dom gur thug an tAire Dara Calleary TD an deis dom i mí na Nollag 2024 a bheith i mo Chathaoirleach air. Táim an-bhuíoch as an tacaíocht a fuair mé ón mbord, ón bhfoireann cheannaireachta, agus óna gcomhghleacaithe laistigh de ÚMICÉ agus mé ag glacadh ról an Chathaoirligh. Is mian liom na naisc mhaithe atá tógtha idir an bord agus an fhoireann go dtí seo a neartú.

Chuaigh téarmaí oifige beirt stiúrthóirí eile, Sandra Davey agus Eida Mullins, in éag i rith na bliana. Athcheapadh an bheirt acu le haghaidh téarmaí breise. Tá áthas orm nach bhfuil téarmaí oifige aon stiúrthóirí eile le críochnú go dtí tús na bliana 2027, rud a thugann cobhsaíocht agus taithí don bhord.

Focal scoir

Bhí agus tá fós tuairisciú corparáideach, iniúchadh agus dearbhú, caighdeáin, agus rialáil i riocht athraitheach tráth scríofa na tuarascála seo. Níl aon chomhartha ann go n-imeoidh an staid seo as feidhm go ceann i bhfad. Tá sé seo dúshlánach go straitéiseach agus go hoibríochtúil araon. Tacaíonn cultúr agus luachanna ÚMICÉ le forbairt eagraíochta athléimní. Leanann a fhoireann de bheith ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá roimpi, agus tá an eagraíocht daingean maidir lena fíis agus a misean a bhaint amach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mbord as a ndúthracht agus a ngairmiúlacht le linn 2024. Táimid ag iarraidh tacaíocht a thabhairt don

Phríomhfheidhmeannach agus dá fhoireann cheannaireachta ach dúshlán a thabhairt dóibh freisin agus muid ag iarraidh ár gcuspóir comhroinnte a bhaint amach, is é sin go mbeidh ÚMICÉ ina heagraíocht ardfheidhmíochta i gcónaí. Go háirithe, táim buíoch as tacaíocht mo chomhchomhaltaí boird agus mé ag bogadh isteach i bpost an Chathaoirligh. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Aire agus lena fhoireann sa Roinn as an tacaíocht a thugann siad do ÚMICÉ ar bhonn leanúnach.

Is iad cáilíochtaí eisceachtúla a fhoirne is cúis leis an meas mór atá ar ÚMICÉ i measc a phiaraí mar aon lena chumas torthaí a bhaint amach. Mar Chathaoirleach, thug mé faoi deara na hardleibhéil gairmiúlachta agus comhghleacaíochta a léiríonn siad. In 2024, thug sé seo deis d' eagraíocht réasúnta beag ceardlann dhomhanda a óstáil, chomh maith le himeachtaí for-rochtana eile, agus cáilíocht a rialála á cothabháil agus freagairt á tabhairt do leathnú shainchúram ÚMICÉ freisin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach agus lena chomhghleacaithe ar an bhfoireann cheannaireachta, a fhreastalaíonn ar gach cruinniú boird againn, as a dtiomantas agus a gcomhoibriú.

Tá obair ÚMICÉ ríthábhachtach chun tuairisciú corparáideach ardchaighdeáin agus gairm chuntasach a chothabháil, agus tá misean ÚMICÉ fós ríthábhachtach i dtimpeallacht chorparáideach na hÉireann. Agus muid ag féachaint ar thodhchaí atá ag éirí níos neamhchinnte i gcónaí, is féidir le geallsealbhoirí ÚMICÉ sólás a bhaint as an gcaoi a ndéanann sé a chuid oibre agus as a chumas dul i ngleic leis na dúshláin dosheachanta atá romhainn.

Aisling Kennedy
Cathaoirleach
30 Aibreán 2025

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

ÉIST LEIS AN LEAGAN FUAIME (I MBÉARLA) 

Réamhrá

Tugann an t-athbhreithniú seo achoimre ar ghníomhaíochtaí ÚMICÉ le linn 2024. Tá an bhliain seo ina bhfuilimid i lár chlár oibre trí bliana reatha ÚMICÉ, a ritheann idir 2023 agus 2025. Leagtar amach sa chlár sin trí shnáithe a threoraíonn ár gcuid oibre. Is iad sin Rialáil, Ardchaighdeán a Chur Chun Cinn, agus Ár dTionchair a Uasmhéadú. Bristear síos na snáitheanna sin ina straitéisí agus ansin ina ngníomhaíochtaí, atá léirithe inár bpleananna gnó bliantúla. Leagtar amach sa chlár freisin cumasóirí atá ríthábhachtach do rath an Údaráis. Cuireann siad ar ár gcumas ár bhfís agus ár misean gaolmhar a chomhlíonadh. Tá luachanna na Sármhaitheasa, an Neamhspleáchais, agus an Ionracais lárnach dár ngníomhaíochtaí laethúla, agus táimid ag iarraidh maireachtáil de réir na luachanna sin agus iad a cheiliúradh laistigh de ÚMICÉ. Leagtar amach sonraí na ngníomhaíochtaí laethúla sin sna codanna seo a leanas den tuarascáil.



Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí

Mar a fheictear sa tuarascáil seo, ba iad ullmhúcháin an Údaráis do chur i bhfeidhm na Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) ba mhó a bhí i gceist in 2024. Ba thasc é seo a chuimsigh aonaid oibríochtúla uile an Údaráis. Déanfaidh ÚMICÉ athbhreithniú ar thuarascálacha inbhuanaitheachta corparáidí. Déanfaidh sé maoirseacht ar an gcaoi a gcláraíonn na RABanna soláthraithe seirbhísí dearbhaithe inbhuanaitheachta. Tá an caighdeán dearbhaithe inbhuanaitheachta d'Éirinn eisithe aige. Déanfaidh sé cigireacht dhíreach ar an obair dearbhaithe ar thuarascálacha inbhuanaitheachta arna n-eisiúint ag PIEnna. Agus déanfaidh sé forfheidhmiú i gcás nach bhfuil aon chomhlíonadh ann.

Tráth scríofa an athbhreithnithe seo, léirigh an Coimisiún Eorpach go bhfuil sé ag tosú ar phróiseas athbhreithnithe bunúsach ar CSRD, lena gclúdaítear na gnéithe seo go léir. Go háirithe, tá sé beartaithe aige raon feidhme CSRD a chúngú agus an tsraith reatha de Chaighdeán Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta (ESRS) a shimpliú go suntasach. Tógfaidh sé tamall go dtí go mbeidh na hathruithe suntasacha seo léirithe sa Treoir Omnibus, mar a thugann an Coimisiún air. Idir an dá linn, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún reachtaíocht “stop an clog” a chur i bhfeidhm go tapa, rud a chiallaíonn nach bhfanfaidh ach na cuideachtaí sin atá faoi raon feidhme ag deireadh 2024 faoi raon feidhme go dtí go ndéanfar na leasuithe, a dtosóidh an Coimisiún ag obair orthu anois. Leanfaidh ÚMICÉ de bheith ag obair leis an gCoimisiún, lena údaráis inniúla náisiúnta Eorpacha piaraí, agus lena gheallsealbhóirí Éireannacha agus muid ag oiriúnú don timpeallacht nua seo.

Príomhghníomhaíochtaí

Le linn 2024, agus i gcomhthéacs na n-athruithe riachtanacha chun léiriú a dhéanamh ar shainchúram leathnaithe an Údaráis faoi CSRD, rinne ÚMICÉ athbhreithniú ar ainmneacha a n-aonad oibríochtúil go léir lena áirithiú go gcuireann siad obair gach aonaid in iúl go soiléir agus go simplí. Úsáideann an tuarascáil seo an téarmaíocht nua, lena n-áirítear i dteidil na gcaibidlí.

Tar éis próiseas comhairliúcháin agus rannpháirtíocht dhíreach le geallsealbhóirí ábhartha, ghlac Éire le ISAE (Éire) 3000. Bhí Éire ar cheann de na chéad thíortha san AE a ghlac caighdeán maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta dearbhaithe. D'eisigh ÚMICÉ caighdeán iniúcháireachta athbhreithnithe freisin le haghaidh deimhnithe seachtracha agus chuir sé tús le comhairliúchán maidir le hathbhreithnithe ionchasacha ar an gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí (Éire). Bhí an tionscadal seo fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Ina mhaoirseacht ar chomhlachtaí gairmiúla, lean ÚMICÉ lena athbhreithniú céimnithe ar phróisis imscrúdaithe agus araíonachta RABanna. D'eisigh sé moltaí maidir leis an gcéad chéim den athbhreithniú (na céimeanna tosaigh) mar fhreagra ar athbhreithnithe a rinneadh in 2023. Bhog a chigireachtaí ar aghaidh go dtí céimeanna breise, lena n-áirítear torthaí imscrúdaithe agus achomhairc.

Le linn 2024, d'iarr CPA Éireann go ndéanfaí a stádas mar RAB a chúlghairm agus é ag cónascadh le Cuntasóirí Cairte Éireann. D'éascaigh ÚMICÉ an próiseas seo go dtí an chúlghairm i Meán Fómhair 2024. Fágann sé sin go bhfuil dhá RAB ag Éirinn, laghdú ó shé cinn in 2018. Chomh maith le líon na RABanna, tháinig laghdú mall leanúnach ar líon na ngnólachtaí iniúcháireachta atá cláraithe ina n-aonar. Tá tuilleadh anailíse staitistiúla mionsonraithe ar fáil ó Phróifíl na Gairme de chuid ÚMICÉ.

Rinne foireann Maoirseachta Tuairiscithe Corparáidigh ÚMICÉ athbhreithniú ar 30 tuarascáil bhliantúil agus ar thrí thuarascáil

leathbhliantúla. Thug 13 eisitheoir gealltanais le feabhas a chur ar thuairisciú amach anseo. Ina theannta sin, d'fhoilsigh ÚMICÉ cinneadh amháin a bhain le tionchair an athraithe aeráide ar luachanna sócmhainní agus d'éiligh sé ar eisitheoir amháin fógra poiblí ceartaitheach a fhoilsiú. Oibríonn Maoirseacht Tuairiscithe Corparáidigh go fairsing lena phiaraí Eorpacha agus díriodh go háirithe in 2024 ar thopaicí inbhuanaitheachta, idir ESRS agus thionchair ghaolmhara ar thuairisciú airgeadais, chomh maith le hoiliúint agus ullmhúcháin don chéad rabharta den tuairisciú faoi ESRS.

Tháinig seacht ngnólacht iniúcháireachta faoi rialáil dhíreach ÚMICÉ in 2024, agus bhí gach ceann acu faoi réir athbhreithnithe uile-ghnólachta. Roghnaíodh 31 comhad iniúcháireachta aonair le haghaidh cigireachtaí samplacha. Tháinig gnólacht amháin eile faoi chúram go déanach in 2024. I mí an Mhárta, d'óstáil ÚMICÉ Ceardlann Cigireachta IFIAR áit ar tháinig cigirí iniúcháireachta ó dhlínse chomhalta IFIAR le chéile chun foghlaim óna chéile agus chun oiliúint fheabhsaithe a sholáthar a bhaineann go sonrach le saincheisteanna. Agus i mí Dheireadh Fómhair, mheall cruinniú bliantúil Choiste Iniúcháireachta ÚMICÉ an lucht féachana is mó riamh.

Rinne an Forfheidhmiú athbhreithniú ar chúig atreorú foirmiúla le linn 2024. Seoladh dhá fhiosrúchán faoi alt 933. Níor aithníodh aon ábhair a dteastaíonn smachtbhanna uathu. Ina theannta sin, tá an Forfheidhmiú freagrach as a chinneadh cibé acu an bhfuil aon ghearáin eile a dhéantar leis an Údarás oiriúnach dá chúram. Arís, níor aithníodh aon cheann in 2024.

Dhírigh foireann Seirbhísí Corparáideacha ÚMICÉ ar uasghráduithe TFC agus phróisis riaracháin in 2024. Mar rúnaí cuideachta, rinne Ceann na Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú bunúsach ar bhunreacht ÚMICÉ, agus bhí toradh an athbhreithnithe sin faoi chúram an Aire ag deireadh na bliana. Ar mhaithe le héifeachtúlacht agus le fás scála ÚMICÉ a léiriú, tugadh údarás feabhsaithe do bhainisteoirí aonaid oibríochtúla laistigh

de theorainneacha agus le rialuithe chun caiteachas áirithe ar luach íseal a údarú.

Déanann Forbairt Eagraíochtúil maoirseacht ar réimse leathan gníomhaíochtaí atá ceaptha chun éifeachtacht oibríochtúil agus tionchar ÚMICÉ mar rialtóir a fheabhsú. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí in 2024, rinneadh comhdháil acadúil a chomhóstáil maidir le hinbhuanaitheacht a leabú in oideachas cuntasaíochta agus sparánacht a sholáthar chun tacú le taighde ar cháilíocht iniúcháireachta agus ar dhearbhuí inbhuanaitheachta. Éilíonn samhail oibre solúbtha ÚMICÉ iarracht bhreise shuntasach chun tuiscint chomhroinnte a chruthú ar a bhfuil i gceist le bheith mar chuid de ÚMICÉ, lena n-áirítear laethanta ráithiúla don fhoireann uile, coistí éagsúla trasfheidhmeacha, agus fócas ar chomhluachanna. Tacaíonn an fhoireann seo freisin le haschur meán sóisialta ÚMICÉ ar fud LinkedIn agus YouTube. Agus in 2024, thacaigh siad leis an mbord ina athbhreithniú ar Sceideal na nÁbhar Forchoimeádta.

Focal scoir

Bíonn tuairisciú corparáideach, iniúcháireacht, agus anois inbhuanaitheacht ann i dtimpeallacht a athraíonn i gcónaí, rud a chuireann éilimh shuntasacha ar gach páirtí. Tá na dúshláin seo roinnte ag rialtóirí, a bhfuil sé de chúram orthu cáilíocht a áirithiú, fiú i gcás nach bhfuil an rud a shainmhínítear mar cháilíocht soiléir fós nó go bhfuil sé faoi réir athbhreithnithe. Chun na dúshláin seo a shárú, ní mór do ÚMICÉ díriú ar a fhís agus ar a mhisean, le bonn eolais óna luachanna, agus bheith athléimneach agus é ag freagairt d'éiginnteacht. Is dúshlán iad seo a chuireann muid orainn féin gach lá.

Ní féidir ár gcuid oibre a dhéanamh gan tacaíocht. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le comhghleacaithe sa Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta as a rannpháirtíocht ar CSRD le linn 2024, agus chuir mé fáilte roimh ionchur ó ÚMICÉ maidir le dréachtú na reachtaíochta riachtanaí, agus ní tasc beag é sin. Soláthraíonn ár bpiaraí idirnáisiúnta in CEAOB, ESMA, agus IFIAR cláir fuaime, tacaíocht ghairmiúil, agus deiseanna do ÚMICÉ chun forbairt mar eagraíocht agus mar dhaoine aonair. Go háirithe, táim an-bhuíoch as tacaíocht bhord ÚMICÉ. Tugann siad dúshlán cuí don fheidhmeannacht agus tacaíonn siad leis an bhfoireann cheannaireachta agus leis an bhfoireann níos leithne freisin. In 2024 tháinig téarma Martin Sisk mar Chathaoirleach chun deiridh. Thosaigh Martin go gairid tar éis dom ról an Phríomhfheidhmeannaigh a ghlacadh, agus d'fhóin a thaithí leathan seirbhíse poiblí go maith do ÚMICÉ ar feadh a théarma. Táim ag tnúth le bheith ag obair lena chomharba, Aisling Kennedy.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe san fhoireann cheannaireachta agus leis an bhfoireann iomlán laistigh de ÚMICÉ. Chuaigh a gcuid oibre in 2024, go háirithe an chaoi ar ghlac siad leis an dúshlán a bhaineann le hathdhearadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann siad a gcuid oibre do CSRD, go croí ionam. Tá dea-cháil ÚMICÉ mar phríomhrialtóir i measc a phiaraí, rud a léirítear sna staideanna láidre atá aige ar fud comhlachtaí idirnáisiúnta agus ina chumas maidir lena chúram casta agus dúshlánach a chomhlíonadh go rathúil, go hiomlán ar ghuaillí na foirne.

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach
30 Aibreán 2025

CAIBIDIL 2

CAIGHDEÁIN AGUS POLASAÍ



2 CAIGHDEÁIN AGUS POLASAÍ

1. Príomhfheidhmeanna

Caighdeáin agus Polasaí:

- glacann sé caighdeáin iniúchóireachta, eiticíúla agus rialaithe cáilíochta le haghaidh iniúchóireachta reachtúla in Éirinn
- glacann sé caighdeáin dearbhaithe inbhuanaitheachta d'Éirinn
- eisíonn sé treoir agus caighdeáin dearbhaithe de réir mar a mheasann ÚMICÉ a bheith iomchuí
- rannchuidíonn sé le forbairt beartais ÚMICÉ maidir le cúrsaí rialála agus nithe eile

2. Forbairtí suntasacha

Tar éis comhairliúcháin phoiblí, ghlac ÚMICÉ [ISAE \(Éire\) 3000, Rannpháirtíochtaí Dearbhaithe Seachas Iniúchtaí nó Athbhreithnithe ar Fhaisnéis Airgeadais Stairiúil — Dearbhú Tuairiscithe Inbhuanaitheachta in Éirinn](#). Tá an caighdeán le cur i bhfeidhm ag iniúcháirí atá ceadaithe chun rannpháirtíochtaí dearbhaithe inbhuanaitheachta a dhéanamh in Éirinn.

Rinne ÚMICÉ leasuithe comhréireacha ar 20 ISA (Éire) agus ISQM (Éire) 2 freisin chun ailíniú leis an [ISA \(Éire\) 600, Breithnithe Speisialta — Iniúchtaí ar Ráitis Airgeadais an Ghrúpa \(lena n-áirítear Obair Iniúcháirí Comhpháirte\)](#) athbhreithnithe. Tá liosta iomlán de na caighdeáin nuashonraithe leagtha amach in [Aguisín VI](#). Rinneadh ISQM (Éire) 1 a nuashonrú freisin chun na leasuithe comhréireacha seo a léiriú chomh maith le ceanglais na Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) mar a trasúodh in Éirinn í.

Tar éis comhairliúcháin phoiblí, d'eisigh ÚMICÉ Deimhnithe Seachtracha ISA 505 (Éire) athbhreithnithe i mí an Mhárta 2024. Cuirfidh iniúcháirí an caighdeán athbhreithnithe seo i bhfeidhm agus iad ag iniúchadh ráitis airgeadais do thréimhsí dar tosach an 15 Nollaig 2024 nó dá éis.

D'eisigh ÚMICÉ [comhairliúchán freisin maidir leis an togra chun an Caighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí \(Éire\) a athbhreithniú](#). Ag deireadh na bliana, lean ÚMICÉ d'athbhreithniú a dhéanamh ar an aiseolas a fuair sé.

Le linn 2024, lean ÚMICÉ de bheith ag plé le piaraí, le lucht socraithe caighdeán idirnáisiúnta, agus le geallsealbhóirí. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí sin:

- páirt a ghlacadh i bhFoghrúpa um Chaighdeáin Iniúchóireachta Idirnáisiúnta CEAOB
- cur le freagairt CEAOB ar chomhairliúcháin arna n-eisiúint ag IAASB agus IESBA
- nuachtlitir caighdeán a eisiúint
- breathnú ar chruinnithe Ghrúpa Comhairleach Teicniúil an FRC

Chuir ÚMICÉ freagraí isteach ar chomhairliúcháin IAASB ar [ISA 240 Freagrachtaí na nIniúcháirí maidir le Calaois in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais](#), agus [ISA 570 Going Concern \[Gnóthas Leantach\]](#). D'fhreagair ÚMICÉ freisin comhairliúcháin IESBA ar a dhréachtaí-neamhchosanta ar [Caighdeáin Eitice Idirnáisiúnta um Dhearbhu Inbhuanaitheachta \(lena n-áirítear Caighdeáin Neamhspleáchais Idirnáisiúnta\)](#) agus [Obair Shaineolaí Seachtrach a Úsáid](#).

3. Aird ar an gcaighdeán maidir le dearbhú inbhuanaitheachta

Leagtar amach sa CSRD rialacha uile-Aontais Eorpaigh (AE) maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta ag eintitis áirithe, agus dearbhú na faisnéise sin. Foráiltear sa CSRD go nglacfaidh an Coimisiún Eorpach caighdeán dearbhaithe teoranta a bheidh i bhfeidhm i ngach ballstát den AE faoin 1 Deireadh Fómhair 2026. Idir an dá linn, féadfaidh na ballstáit a gcaighdeán náisiúnta dearbhaithe féin a shocrú. Tá ÚMICÉ freagrach as caighdeán náisiúnta a ghlacadh in Éirinn.

I mí Feabhra 2024, d’eisigh ÚMICÉ [Páipéar Comhairliúcháin](#) chun tuairimí na ngeallsealbhoirí a fháil maidir leis an gcaighdeán cuí le haghaidh dearbhú inbhuanaitheachta in Éirinn.

Tar éis dóibh na freagraí a fuarthas (a foilsíodh i [bPáipéar Aiseolais](#)) a bhreithniú, chinn ÚMICÉ gurbh é ISAE 3000 an caighdeán cuí le glacadh in Éirinn.

I Meán Fómhair 2024, ghlac ÚMICÉ an [International Standard on Assurance Engagements 3000 Revised \[Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Rannpháirtíochtaí Dearbhaithe 3000 Athbhreithnithe\]](#) (ISAE 3000), [Rannpháirtíochtaí Dearbhaithe Seachas Iniúchtaí nó Athbhreithnithe ar Fhaisnéis Airgeadais Stairiúil](#), agus bhí siad i measc na chéad bhallstát den AE a chuir an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoina gcaighdeán náisiúnta maidir le dearbhú inbhuanaitheachta.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí plean gnó	Torthaí
Forbairt ISAnna (Éire) agus treoir ghaolmhar	Ghlac sé ISAE (Éire) 3000 maidir le dearbhú inbhuanaitheachta
Tacú le caighdeán arda in iniúchadh PIEnna	- D’eisigh sé ISA (Éire) 505 athbhreithnithe - D’eisigh sé leasuithe comhréireacha do ISA (Éire) 600 athbhreithnithe
Dea-chleachtas a scaipeadh	D’óstáil sé sé chruinniú den Phainéal Comhairliúcháin Teicniúil
Bheith cloiste	- Ghlac sé páirt i bhFoghrúpa Caighdeán CEAOB - Chuir sé le freagraí CEAOB ar chomhairliúcháin arna n-eisiúint ag IAASB agus IESBA - Chuir sé freagraí isteach chuig dhá chomhairliúchán IAASB agus chuig dhá chomhairliúchán IESBA - Rinne sé cuir i láthair for-rochtana le geallsealbhoirí - D’eisigh sé nuachtlitir um chaighdeán

CAIBIDIL 3

MAOIRSEACHT AR CHOMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA



3 MAOIRSEACHT AR CHOMHLACHTAÍ GAIRMIÚLA

1. Príomhfheidhmeanna

Maoirseacht ar Chomhlachtaí Gairmiúla:

- déanann sé maoirseacht ar an gcaoi a rialaíonn na Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe (PABanna) a gcomhaltaí, lena n-áirítear a bpróisis imscrúdaithe agus araíonachta
- déanann sé maoirseacht ar an gcaoi a gcomhlíonann na Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta (RABanna) a bhfeidhmeanna reachtúla a bhaineann le hiniúcháirí reachtúla, gnólachtaí iniúchóireachta, agus iad siúd atá ceadaithe chun tuairisciú dearbhaithe inbhuanaitheachta a dhéanamh. Is iad seo a leanas na feidhmeanna seo:
 - faomhadh agus clárú
 - oideachas leanúnach
 - córais dearbhaithe cáilíochta
 - córais imscrúdaitheacha agus araíonachta
- comhoibríonn sé le comhghleacaithe san AE agus go hidirnáisiúnta chomh maith le húdaráis eile náisiúnta agus AE
- tugann sé comhairle don Aire maidir le cúrsaí gairme cuntasaíochta

Le haghaidh liosta de na PABanna faoi chúram ÚMICÉ an 31 Nollaig 2024 agus tuarascálacha a eisíodh le linn 2024, féach [Aguisín II](#).

2. Forbairtí suntasacha

Ag leanúint ar aghaidh óna athbhreithnithe maoirseachta ar phróisis imscrúdaithe agus araíonachta (I&D) RABanna in 2023, d'eisigh an tÚdarás tuarascálacha chuig na RABanna ina raibh moltaí maidir le céim tosaigh a bpróiseas. In 2024, chríochnaigh an tÚdarás dhá chuairt mhaoirseachta ar chéimeanna breise de chórais I&D na RABanna, lena n-áirítear torthaí imscrúdaithe go dtí na córais achomhairc.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú téamach freisin ar rialachas na PABanna ar a bhfeidhmeanna rialála.

I rith 2024, bhí cruinnithe rialta ag ÚMICÉ leis na RABanna chun plé a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an CSRD. Áiríodh leis seo plé a dhéanamh ar leasuithe ar dhoiciméid bhunreachtúla na RABanna chun foráil a dhéanamh maidir le ceadú iniúcháirí reachtúla chun tuairisciú dearbhaithe inbhuanaitheachta a dhéanamh. Leanfaidh an tÚdarás de bheith ag obair leis na RABanna chun ceanglais an CSRD a chur i bhfeidhm.

Chríochnaigh ÚMICÉ cláir oibre rann-pháirtíochta maoirseachta le sé PAB in 2024, go dtí gur aisghaireadh aitheantas na CPAnna. Áiríodh leis an maoirseacht seo cruinnithe agus nuashonruithe ar na príomhfheidhmeanna agus na tascanna rialála a dhéanann na PABanna, cigireachtaí maoirseachta ar chéimeanna den phróiseas I&D, athbhreithniú ar phleananna rialála na PABanna, tuarascálacha bliantúla agus rialála, tuairisceáin bhliantúla agus sonraí staitistiúla, agus formheas dhoiciméid bhunreachtúla na PABanna.

3. Aird ar chomhcheangal dhá Chomhlacht Chuntasaíochta Aitheanta

Ar an 1 Meán Fómhair 2024, rinneadh cónascadh idir Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn (CPA). Tar éis an chónasctha sin, d'iarr CPA ar IAASA a stádas mar Chomhlacht Cuntasaíochta Forordaithe agus Aitheanta a chúlghairm, agus tharla an chúlghairm seo ina dhiaidh sin. D'oibrigh IAASA go dlúth leis an dá Institiúid chun bainistíocht chuí a áirithiú ar gach ábhar rialála.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí plean gnó	Torthaí
Maoirseacht ar ghairm na cuntasaíochta	• Chríochnaigh sé trí chuairt athbhreithnithe maoirseachta RAB • D'fhormheas sé 27 sraith de dhoiciméid bhunreachtúla • Rinne sé próiseáil ar naoi n-athnuachan Iniúcháir Tríú Tíre (TCA), ar 43 nuashonrú TCA ar cheaduithe, ar bhaint TCA amháin, agus ar athbhunú TCA amháin • Tharchuir sé TCA amháin chuig an Údarás Forfheidhmithe Corparáideach (CEA) mar gheall ar thuarascáil iniúchóireachta a shíniú nuair nach raibh sé cláraithe • Ghlac sé páirt i gcúig chruinniú choiste fhoghrúpa CEAOB, agus chuir sé páipéir i láthair maidir le clárú dearbhaithe inbhuanaitheachta TCA
Tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí cuntasaíochta chun a bhfreagrachtaí rialála a chomhlíonadh	• Rinne sé ceardlann dearbhaithe cáilíochta do chigirí ÚMICÉ agus RAB a chomhóstáil • Reáchtáil sé comhchruinniú duine le duine PAB agus RAB ar théamaí agus ar dhúshláin choitianta
Dea-chleachtas a scaipeadh	• D'eisigh sé sonraí staitistiúla eisithe ar ghairm na cuntasaíochta agus na hiniúchóireachta i bhfoilseachán Próifíl na Gairme 2023 • Rinne sé athbhreithniú téamach ar rialachas PAB ar fheidhmeanna rialála • D'fhoilsigh sé bileoga eolais ar Profile of the Profession [Próifíl na Gairme], ar fheasacht faoin timthriall QA, agus ar ghearán a dhéanamh • D'fhoilsigh sé físeán ar an athbhreithniú téamach ar chéimeanna imscrúdaithe agus torthaí chórais I&D na PABanna
Bheith cloiste	• Chuaigh sé i dteagmháil ar bhonn rialta leis an Roinn maidir le cur i bhfeidhm • Chuaigh sé i dteagmháil leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí maidir le clárú iniúcháir/soláthraí dearbhaithe inbhuanaitheachta • Chuaigh sé i dteagmháil le FRC na Ríochta Aontaithe maidir le cúrsaí rialála coitianta
Ár bpróisis a fhorbairt/a fheabhsú	• D'fhorbair sé foirmeacha measúnaithe nua TCA le haghaidh iarratas, athnuachan agus nuashonruithe • Rinne sé tástáil ar úsáid na hintleachta saorga le haghaidh tascanna oibríochtúla éagsúla chun éifeachtúlachtaí a thástáil • Bhain sé grád ard in iniúchadh inmheánach an aonaid amach agus leasú teoranta le déanamh.

CAIBIDIL 4

MAOIRSEACHT AR THUAIRISCIÚ CORPARÁIDEACH



4 MAOIRSEACHT AR THUAIRISCIÚ CORPARÁIDEACH

1. Príomhfheidhmeanna

Maoirseacht ar Thuairisciú Corparáideach:

- déanann sé imscrúdú ar thuarascálacha bliantúla agus leathbhliantúla de chuid eintitis liostaithe áirithe agus glacann sé bearta forfheidhmithe nuair a bhraitear neamhchomhlíonadh
- comhoibríonn sé le feidhmitheoirí cuntasaíochta an AE
- comhoibríonn sé i bhforbairt caighdeán tuairiscithe airgeadais agus inbhuanaitheachta
- tugann sé comhairle don Aire maidir le cúrsaí cuntasaíochta

Le haghaidh liosta eisitheoirí laistigh de shainchúram forfheidhmithe cuntasaíochta an ÚMICÉ, féach [Aguisín III](#).

2. Forbairtí suntasacha

In 2024, áiríodh an méid seo a leanas leis an obair mhaoirseachta ar thuairisciú corparáideach ÚMICÉ:

- athbhreithniú a dhéanamh ar 33 tuarascáil, ina raibh 30 tuarascáil bhliantúla agus trí thuarascáil leathbhliantúla (féach [Aguisín IV](#))
- imscrúdú a dhéanamh ar 84 ábhar ar leithligh
- 65 gealltanais a fháil ó 13 eisitheoir chun tuairisciú a fheabhsú amach anseo

IAS 1 Ghin *Cur i Láthair Ráitis Airgeadais* an líon is mó gealltanais. Thug eisitheoirí gealltanais freisin a bhain le bearta feidhmíochta malartacha (APManna), Rialacháin na Treorach Trédhearcachta, agus *Deighleoga Oibriúcháin IFRS 8*.

D'fhoilsigh an ÚMICÉ [cinneadh](#) maidir le cóireáil chuntasaíochta ráiteas airgeadais eisitheora agus d'éiligh sé ar eisitheoir eile [fógra poiblí ceartaitheach a fhoilsiú](#).

Ina theannta sin, in 2024, d'fhoilsigh an tÚdarás dhá pháipéar téamacha:

- [Tacsanomaíocht AE le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe](#)
- [IFRS 18 — Cur i Láthair agus Neamhchosaint sna Ráitis Airgeadais](#)

Le haghaidh liosta de na páipéir a foilsíodh in 2024, féach [Aguisín VI](#).

Rannpháirtíocht le ESMA

D'oibrigh ÚMICÉ go fairsing lena chomhghleacaithe forfheidhmithe cuntasaíochta Eorpacha tríd an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) in 2024. Ghlac sé páirt ghníomhach i dtascfhórsaí agus i bhfoghrúpaí a raibh baint acu le tuairisciú airgeadais agus inbhuanaitheachta, aeráid i bhfaisnéis airgeadais, agus cuntasaíocht ag eintitis airgeadais agus árachais. In 2024, dhírigh na grúpaí sin ar thopaicí inbhuanaitheachta, tionchar nithe a bhaineann leis an aeráid ar ráitis airgeadais, tionchar CSRD ar thuairisciú corparáideach, agus cuntasaíocht le haghaidh ionstraimí airgeadais. I measc ranníocaíochtaí sonracha ÚMICÉ bhí:

- trí cheist atá ag teacht chun cinn agus cinneadh amháin a chur isteach lena mbreithniú
- aiseolas substaintiúil a thabhairt ar fhiosrúcháin um chur i bhfeidhm ESRS
- páirt a ghlacadh i gceardlanna agus in imeachtaí oiliúna ar ESRSanna agus in [Guidelines on Enforcement of Sustainable Information \[Treoirlínte maidir le Forfheidhmiú Faisnéise Inbhuanaithe\]](#) (GLES)
- cur le páipéar ESMA [Clearing the smog: accounting for carbon allowances in financial statements \[Ag glanadh an toitcheo: lamháltais charbóin a chur san áireamh i ráitis airgeadais\]](#)

3. Aird ar thuairisciú inbhuanaitheachta

Mar ullmhúchán do CSRD, ghlac an tÚdarás páirt i sraith imeachtaí oiliúna agus ceardlann arna n-éascú ag ESMA, ag díriú ar na ESRsanna agus ar an GLESI. Rannchuidíonn an tÚdarás go gníomhach freisin leis an bhFoghrúpa Cur Chun Feidhme ESRs (EIS), a bunaíodh le déanaí ar an leibhéal Eorpach, a thugann aiseolais ar cheisteanna cur chun feidhme agus a sholáthraíonn soiléirithe de réir mar is gá. Cuireann an foghrúpa seo a thuairimí ar chur i bhfeidhm ESRsanna ar fáil don

Ghrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais (EFRAG), an comhlacht a gcuirtear de dhualgas air comhairle theicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach maidir le ESRsanna.

Tá céimeanna ar bun anois chun nósanna imeachta GLESI a leabú in éineacht le nósanna imeachta *Guidelines on Enforcement of Financial Information [Treoirlínte maidir le Forfheidhmiú Faisnéise Airgeadais]* (GLEFI) i gclár oibre, i bpróisis agus in aschuir thuairiscithe.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí plan gnó	Torthaí
Athbhreithniú ar thuairisciú corparáideach	- Rinne sé imscrúdú ar 30 tuarascáil bhliantúla - Rinne sé imscrúdú ar thrí thuarascáil leathbhliantúla
Tacú le dea-chaighdeáin i dtuairisciú corparáideach	Ghlac sé páirt ghníomhach i roinnt fóram, foghrúpa agus tascfhórsaí Eorpacha, lena n-áirítear an Grúpa Oibre um Thuairisciú Airgeadais, an Coiste Buan um Eistheoirí, an Grúpa Oibre um Thuairisciú Inbhuanaitheachta, an Foghrúpa um Chur i bhFeidhm ESRs, an Tascfhórsa um Aeráid san Fhaisnéis Airgeadais, agus Foireann Tionscadail na nInstitiúidí Airgeadais agus na gCuideachtaí Árachais
Dea-chleachtas a scaipeadh	- D'fhoilsigh sé cinneadh amháin maidir le tuairisciú airgeadais - D'éiligh sé ar eistheoir amháin fógra poiblí ceartaitheach a fhoilsiú - D'fhoilsigh sé Tuairimí ar shaincheisteanna tuairiscithe airgeadais roghnaithe – blianta dar críoch an 31 Nollaig 2024 nó dá éis
Bheith cloiste	- Ghlac sé páirt i gcomhphlé amháin ar chúrsaí um thuairisciú corparáideach - D'fhoilsigh sé dhá pháipéar téamacha ar cheanglais neamhchosanta i ráitis airgeadais - Thug sé seacht gcur i láthair ar thuairisciú corparáideach
Ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú	- Rinneadh sé monatóireacht ar fhorbairtí domhanda agus AE i bhforfheidhmiú cuntasaíochta, agus bhreithnigh sé tionchair fhéideartha ar bheartais agus nósanna imeachta ÚMICÉ - Rinne sé próisis forfheidhmithe tuairiscithe corparáideacha agus inbhuanaitheachta a nuashonrú chun a áirithiú go soláthraíonn siad bunús chun forfheidhmiú éifeachtach, éifeachtúil agus comhréireach a bhaint amach - Reáchtáil sé uirlis SI maidir le himscrúdú ar thuairisciú corparáideach ar bhonn píolótach

CAIBIDIL 5

MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT DEARBHAITHE



5 MAOIRSEACHT AR CHÁILÍOCHT DEARBHAITHE

1. Príomhfheidhmeanna

Déanann Maoirseacht ar Cháilíocht Dearbhaithe athbhreithniú dearbhaithe cáilíochta ar iniúchóirí reachtúla agus ar ghnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla ar eintitis leasa phoiblí (PIEnna) in Éirinn.

Tá ceithre phríomhfheidhm ag an aonad:

- déanann sé cigireachtaí ar ghnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann iniúchtaí reachtúla PIE
- déanann sé cigireachtaí ar ghnólachtaí iniúchóireachta a dhéanann gealltanais dearbhaithe inbhuanaitheachta PIE
- comhoibríonn sé le comhlachtaí maoirseachta iniúchóireachta AE
- tugann sé comhairle don Aire maidir le cúrsaí iniúchóireachta

2. Forbairtí suntasacha

In 2024, rinne ÚMICÉ a seachtú babhta de chigireachtaí a chlúdaigh seacht ngnólacht iniúchóireachta PIE. Dhírigh na cigireachtaí ar cheithre réimse bainistithe cáilíochta:

- ceanglais eiticíúla
- caidrimh le cliaint agus gealltanais shonracha a ghlacadh agus leanúint leo
- acmhainní daonna
- athbhreithnithe cáilíochta rannpháirtíochta

Rinne ÚMICÉ cigireacht ar 31 iniúchadh PIE sna gnólachtaí seo. Bhain 81% acu gráid 1 nó 2 amach, rud a léiríonn dea-chaighdeán cáilíochta iniúchóireachta, agus bhí gá le feabhas a chur ar na hiniúchtaí eile. Le haghaidh sonraí faoi na gnólachtaí agus na comhaid a ndearnadh cigireacht orthu, féach [Aguisín V](#).

Lean ÚMICÉ de chigireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an [Chaighdeáin](#).

[Idirnáisiúnta um Bainistiú Cáilíochta \(ISQM\) \(Éire\) 1](#), a cheanglaíonn ar ghnólachtaí córas saincheaptha de bhainistiú cáilíochta a dhearadh. Cé gur aimsigh ÚMICÉ torthaí i

ngach réimse bainistithe cáilíochta a ndearnadh cigireacht orthu, níor tháinig aon torthaí chun cinn ina athbhreithniú ar [ISQM \(Éire\) 2](#).

Rinne seacht ngnólacht iniúchóireachta iniúchtaí reachtúla PIE in Éirinn le linn 2024 (2023: seacht gcinn), agus ceapadh gnólacht bhreise amháin mar iniúchóir reachtúil ar PIE go déanach sa bhliain. Rinne ceithre ghnólacht iniúchadh ar 68% de na PIEnna (2023: 71%), ag tuilleamh thart ar 86% de tháillí iniúchóireachta PIE (2023: 89%).

I mí an Mhárta 2024, d'óstáil ÚMICÉ ceardlann cigireachtaí IFIAR i mBaile Átha Cliath. Féach alt 3 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí faoi rannpháirtíocht ÚMICÉ in IFIAR.



Martin Sisk (Cathaoirleach), Kevin Prendergast (POF) agus Ministir Dara Calleary TD.

Ar an leibhéal Eorpach, leanfaimid orainn ag gabháil do CEAOB agus dá fhoghrúpaí uile. Is ball de ghrúpa comhairleach CEAOB é ÚMICÉ, a thacaíonn le Cathaoirleach CEAOB. Leanann ÚMICÉ de bheith ina chathaoirleach ar Thascfhórsa Oiliúna CEAOB a bhfuil sé mar aidhm aige oiliúint éifeachtach do chigirí a aithint agus a chomhordú. Is ball é ÚMICÉ freisin de Fhoghrúpa Teicniúil Tuairiscithe Inbhuanaitheachta CEAOB, a bhíonn ag gabháil don Choimisiún Eorpach maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta.

In 2024, d'éascaigh ÚMICÉ cigireacht ag an mBord Maoirseachta Cuntasaíochta Cuideachtaí Poiblí ar ghnólacht iniúchóireachta amháin in Éirinn.

D'óstáil ÚMICÉ cruinniú eolais a raibh freastal maith air [de chuid an choiste iniúchóireachta](#) i mí Dheireadh Fómhair 2024. Thug an seisiún nuashonruithe do na freastalaithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta, intleacht shaorga, agus forbairtí rialála.



In 2024, d'fhoilsigh ÚMICÉ sraith léargais ar [ISQM \(Éire\) 1](#) agus [ISQM \(Éire\) 2](#).

3. Aird ar óstáil ÚMICÉ de cheardlann chigireachta IFIAR 2024

Cuireann ÚMICÉ maoirseacht iniúchóireachta domhanda chun cinn trína bhallraíocht ar Fhóram Idirnáisiúnta na Rialtóirí Iniúchóireachta Neamhspleácha (IFIAR). Freastalaíonn IFIAR ar leas an phobail trí mhaoirseacht iniúchóireachta a fheabhsú ar fud an domhain. I measc a chuspóirí tá eolas agus taithí phraiticiúil a roinnt i measc rialtóirí, chomh maith le comhoibriú agus comhsheasmhacht maidir le gníomhaíocht rialála a chur chun cinn. Soláthraíonn sé ardán freisin le haghaidh idirphlé le heagraíochtaí tábhachtacha a bhfuil suim acu i gcáilíocht iniúchóireachta, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús (IOSCO), an Bord Maoirseachta um Leas an Phobail (PIOB) agus líonraí domhanda na ngnólachtaí iniúchóireachta.

In 2024, d'óstáil ÚMICÉ ceardlann chigireachta IFIAR, a mheall 146 rannpháirtí ó 46 dlínse. Cuireann na ceardlanna sin fóram ar fáil do rialtóirí iniúchóireachta neamhspleácha chun bualadh le chéile agus plé a dhéanamh ar phróisis chigireachta, foghlaim agus leas a bhaint as a chéile, agus cosúlachtaí agus difríochtaí i measc a gcleachtas agus a modheolaíochtaí a mheas. Chlúdaigh an cheardlann topaicí amhail nuashonruithe ar chaighdeáin chuntasaíochta agus iniúchóireachta, breithnithe teicniúla cigireachta, agus léargais ar chúrsaí rialála agus maoirseachta. Bhí príomhóráidí ann freisin ar nuálaíocht in oideachas cuntasaíochta, ar chibearshlándaíl, agus ar eitic.

4. Straitéisí agus torthaí a eascraíonn as an bplean gnó

Straitéisí plean gnó	Torthaí
Cigireacht dhíreach ar iniúcháirí PIEnna	- Rinne sé cigireacht ar sheacht ngnólacht - Rinne sé cigireacht ar 31 iniúchadh ar PIEnna
Tacú le caighdeán arda in iniúchadh PIEnna	- D'óstáil sé ceardlann chigireachta IFIAR 2024 - Ghlac sé páirt i gceannaireacht Fhoghrúpa Cigireachta CEAOB, trína choiste eagraíochtúil, agus i seisiún iomlánach CEAOB, trína ghrúpa comhairleach. - Shocraigh sé seisiúin oiliúna do bhaill CEAOB ar chúrsaí iniúchóireachta tráthúla - Ghlac sé páirt ghníomhach i dhá thascfhórsa IFIAR
Dea-chleachtas a scaipeadh	D'fhoilsigh sé seacht dtuarascáil chigireachta
Bheith cloiste	- D'óstáil sé cruinniú eolais do choistí iniúchóireachta - D'fhoilsigh sé sraith léargais ar ISQM (Éire) 1 agus ISQM (Éire) 2 - Rinne sé cuir i láthair ag imeachtaí oiliúna chun príomhthorthaí cigireachta a chur in iúl agus chun plé a dhéanamh ar chur chuige cigireachta rannpháirtíochta dearbhaithe inbhuanaitheachta 2025
Tá an bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a cheadú. D'fhormheas an bord an buiséad bliantúil do 2024 ag a chruinniú ar an 18 Meán Fómhair 2023. Bhreithnigh an bord faisnéis airgeadais, lena n-áirítear cuntais bhainistíochta ina sonraítear caiteachas iarbhrí agus buiséadaithe, ag gach cruinniú in 2024. Rinneadh meastóireacht leanúnach ar shaincheisteanna oibríochtúla ag gach cruinniú freisin. D'fhormheas an bord clár oibre trí bliana an Údaráis 2023-2025 ar an 8 Samhain 2022.

Tá an bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an bord go dtugann ráitis airgeadais ÚMICÉ léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2024.

Freagrachtaí an bhoird

Tá ÚMICÉ faoi rialú ag bord ina bhfuil naonúr stiúrthóirí, agus tá ochtar acu ina stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin agus ceaptha ag an Aire tar éis dóibh a bheith ainmnithe ag eintitis a shonraítear in Acht 2014. Is é an Príomhfheidhmeannach an stiúrthóir eile, atá ceaptha ag an mbord. Sonraítear in Acht 2014 go bhfeidhmíonn an tÚdarás go neamhspleách ar an rialtas agus go bhfuil cosc reachtúil ar an Aire treoracha a thabhairt don Údarás agus é ag comhlíonadh a chuid fheidhmeanna. Forálann Acht 2014 gur féidir comhaltaí a cheapadh go ceann tréimhse trí bliana go cúig bliana. De ghnáth ceaptar comhaltaí go ceann tréimhsí trí bliana, agus an Cathaoirleach go ceann tréimhsí cúig bliana. Leagtar amach thíos comhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2024, mar aon le gluaiseachtaí ó shin i leith:

Comhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2024

Ball boird	Post	Comhlacht ainmniúcháin	Dáta ceapacháin den chéad uair
Aisling Kennedy (Cathaoirleach)	Stiúrthóir	Aire	10 Nollaig 2020
Sandra Davey	Príomhoifigeach	Na Coimisinéirí Ioncaim	26 Bealtaine 2022
Clodagh Hegarty*	Léachtóir	PABanna	30 Bealtaine 2020
David Hegarty	Ceann dlí & beartais	An tÚdarás Forfheidhmithe Corparáideach	3 Eanáir 2020
Aisling McArdle	Ceann Rialacháin, Euronext Bhaile Átha Cliath	ISE	29 Lúnasa 2019
Eida Mullins	Ceann Feidhme: baincéireachta, infheistíochta & beartas gnólachtaí íocaíochta	An Banc Ceannais	16 Meán Fómhair 2022
Ronan Nolan*	Cuntasóir cairte	PABanna	30 Bealtaine 2020
Kevin Prendergast*	Príomhfheidhmeannach	Ex-officio	14 Samhain 2016

* Léiríonn sé ballraíocht i PAB

Sonraí faoi athruithe ar chomhaltacht an bhoird ón 1 Eanáir 2024 go dtí an dáta tuairiscithe*

Stiúrthóir	Dáta ceaptha	Comhlacht ainmniúcháin	Cúis leis an bhfolúntas	Téarma ag dul in éag / imithe in éag
Martin Sisk	21 Nollaig 2016	Aire	Dul in éag an bharántais	20 Nollaig 2024

Léiríonn sé ballraíocht i PAB

Chuir an bord tús le próiseas meastóireachta inmheánaí ar a fheidhmíocht féin in 2024 i mí na Nollag 2024. Tacaíodh leis an bpróiseas seo le ceistneoir mionsonraithe, agus ina dhiaidh sin pléadh é ag a chruinniú ar an 22 Eanáir 2025.

Féadfaidh an bord coistí a bhunú chun cabhrú leis maidir lena fheidhmeanna agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh. Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag gach coiste agus tuairiscíonn siad go rialta don bhord. Bhí dhá choiste den sórt sin i bhfeidhm in 2024, eadhon coiste athbhreithnithe sceideal na n-ábhar forchoimeádta (SoRM) agus an coiste iniúcháireachta agus riosca (ARC).

Tá triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an ARC agus tá a théarmaí tagartha leagtha amach i gCairt an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Leagtar amach sa chairt róil agus freagrachtaí sonracha don ARC. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí comhaltacht ARC comhdhéanta de Aisling McArdle (cathaoirleach), David Hegarty agus Ronan Nolan.

Tá triúr stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin sa SoRM freisin agus is iad a théarmaí tagartha *athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméad [sceideal na n-ábhar forchoimeádta] atá ann cheana agus leasuithe a mholadh*. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí comhaltacht SoRM comhdhéanta de Aisling Kennedy (cathaoirleach), Sandra Davey agus Ronan Nolan.

Sceideal freastail, táillí agus costas

Nochtar i ráitis airgeadais an Údaráis sonraí faoi tháillí agus costais a íocadh le comhaltaí, agus cuireadh ar fáil don Aire iad.

	Bord	ARC	SoRM	Fees (€)	Expenses (€)
	Cruinnithe ar freastalaíodh orthu/ cruinnithe incháilithe chun freastal orthu			Nóta 1	Nóta 2
Aisling Kennedy (Cathaoirleach)	9/9		8/8	€7,812	€109
Kevin Prendergast (Príomhfheidhmeannach)	9/9			-	Nóta 3
Sandra Davey	7/9		8/8	-	€269
Clodagh Hegarty	8/9			€7,695	€109
David Hegarty	8/9	4/4		-	€110
Aisling McArdle	8/9	4/4		€7,695	€109
Eida Mullins	9/9			-	€255
Ronan Nolan	6/9	4/4	8/8	€7,695	-
Martin Sisk	9/9			€11,642	€3,876

Nóta 1: Níl comhaltaí atá ina státseirbhísigh, an Príomhfheidhmeannach san áireamh, incháilithe chun táillí a fháil. Ceapadh Ms Kennedy mar Chathaoirleach nuair a d'éirigh an tUasal Sisk as a phost ar an 21 Nollaig 2024.

Nóta 2: Chomh maith leis na costais atá leagtha amach sa Tábla seo, thabhaigh ÚMICÉ costais €8,773 i leith oiliúna, cíosa seomraí agus caiteachas teagmhasach a bhain le gníomhaíochtaí an bhoird.

Nóta 3: Níl costais a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach, stiúrthóir/comhalta boird *ex-officio*, san áireamh sa tábla seo ar an mbonn gur thabhaigh sé iad de bhun a róil mar Phríomhfheidhmeannach seachas mar chomhalta boird. Ar aon chuma, déantar aon chostais a íoctar leis an bPríomhfheidhmeannach a nochtadh go poiblí i ráitis airgeadais ÚMICÉ.

Athruithe ar phríomhphearsanra

Is ar bhord na stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, go heisiach atá an fhreagracht as gníomhaíochtaí ÚMICÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. D'éirigh an tUasal Martin Sisk as a phost mar stiúrthóir ar an 20 Nollaig 2024 nuair a chuaigh a bharántas ceapacháin in éag. Ceapadh Aisling Kennedy Uas., atá ina stiúrthóir ar an Údarás ó 2020, ina Cathaoirleach le héifeacht ón 21 Nollaig 2024.

Neamhchosaintí a cheanglaítear leis an gCód

Tá an bord freagrach as a áirithiú gur chloígh ÚMICÉ le ceanglais an Chóid mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí. Tá na neamhchosaintí seo a leanas riachtanach faoin gCód:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe**
Tá anailís ar luach saothair iomlán na bhfostaithe (lena n-áirítear tuarastail agus sochair eile, ach gan carnadh pá saoire

agus ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra a áireamh) dóibh siúd a thuilleann os cionn €60,000 leagtha amach i nóta 13 de na ráitis airgeadais.

- **Costais sainchomhairleoireachta**

Tá anailís ar chaiteachas comhairleoireachta leagtha amach i nóta 16 de na ráitis airgeadais.

- **Costais dlí agus socruithe**

Ní raibh aon shocraíochtaí dlíthiúla ann sa bhliain [2023: nialas]. Baineann na costais dlí uile a tabhaíodh le comhairle dlí ghinearálta.

- **Caiteachas taistil agus cothaithe**

Tá anailís ar chaiteachas taistil agus cothaithe leagtha amach i nóta 15 de na ráitis airgeadais.

- **Caiteachais fáilteachais**

Tá anailís ar chaiteachas fáilteachais leagtha amach i nóta 17 de na ráitis airgeadais.

- **Ráiteas um chomhlíonadh**

Chloígh ÚMICÉ le ceanglais an Chóid mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí.

Ceadaithe agus údaraithe lena eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Aisling Kennedy
Cathaoirleach

9 Meitheamh 2025

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach

9 Meitheamh 2025

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

An scóip freagrachta

Thar ceann Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, admhaím freagracht an bhoird as a áirithiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Cuireann an fhreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit san áireamh.

An cuspóir leis an gcóras um rialú inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta údaráithe agus taifeadta i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, i bhfeidhm in ÚMICÉ don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

An cumas riosca a láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag ÚMICÉ ina bhfuil triúr comhaltaí boird, agus is é duine acu an Cathaoirleach. De réir alt 907(2A) d'Acht 2014, tá eolas ag gach comhalta den bhord i réimsí atá ábhartha maidir le hiniúchóireacht reachtúil a dhéanamh. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC in 2024.

Chomh maith leis sin, cheap ÚMICÉ Crowleys DFK mar iniúcháirí inmheánacha don tréimhse 2023-2025, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun clár oibre a comhaontaíodh leis an ARC a chur i gcrích.

Tá polasaí bainistithe riosca forbartha ag ÚMICÉ ina leagtar amach a mhian riosca, na próisis um bainistiú riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear ról agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Tá an polasaí eistithe do gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leo oibriú laistigh de bheartais bainistithe riosca ÚMICÉ, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag ÚMICÉ a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh ÚMICÉ agus rinneadh iad siúd a aithint agus a ghrádú agus rinneadh meastóireacht orthu de réir a suntasachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ag gach cruinniú. Tuairiscítear rioscaí measartha agus suntasacha don bhord freisin, áit a bhfuil bainistiú riosca fós ina mír sheasta ar an gclár oibre. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tugann an clár riosca sonraí faoi na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus faoi fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne ar leith. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú;
- rinneadh freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal na bainistíochta mar aon leis an gcuntasacht chomhfhreagrach;

- tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil ar choinníonn an cheannaireacht shinsearach é faoi athbhreithniú;
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú; agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don bhord, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhnímh go bhfuil na córais faireacháin leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a sainaithníodh a thuairisciú;
- tá freagracht as bainistiú airgeadais sannta do Cheann na Seirbhísí Corparáideacha, ar cuntasóir gairmiúil é; agus
- déanann an Príomhfheidhmeannach agus an bord athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag ÚMICÉ chun a áirithiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha um sholáthar.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta ag ÚMICÉ chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá faireachán agus athbhreithniú ÚMICÉ ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus na ceannaireachta sinsearaí laistigh de ÚMICÉ atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach.

Deimhnímh gur rinne an bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2024, agus gur chríochnaigh sé ag a chruinniú an 22 Eanáir 2025.

Sínithe thar ceann an bhoird:

Aisling Kennedy
Cathaoirleach

9 Meitheamh 2025

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Comhlíonann ÚMICÉ a fheidhmeanna agus a chumhachtaí trí chuideachta theoranta faoi ráthaíocht, atá ainmnithe chun na críche sin de réir Acht 2014.

Ceanglaítear ar na stiúrthóirí faoi dhlí na gcuideachtaí ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ar a barrachas nó a heasnamh don tréimhse sin agus comhlíonann siad Acht 2014 ar shlí eile. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, atá ullmhaithe i gcomhréir le FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn*, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú i gcomhréir le cleachtais chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta iomchuí, na caighdeáin sin a shainaithint, agus éifeacht agus cúis aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a thabhairt d'aire; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh ÚMICÉ ag feidhmiú.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoimeádann an chuideachta, nó go bhfuil an chuideachta ina cúis lena gcoinneáil, taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a mhíníonn agus a thaifeadann idirbhearta na cuideachta i gceart, a chuireann ar chumas sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na cuideachta a chinneadh tráth ar bith le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí Acht 2014 agus a chuireann ar chumas iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá an bord freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Foráiltear le halt 927(1) d'Acht 2014 freisin go '*... gcoimeádfaidh ÚMICÉ taifid ar na nithe seo a leanas, agus go n-ullmhóidh siad na cuntais chuí agus na gnáthchuntais a bhaineann leis na nithe seo a leanas* –

- (a) *an t-ioncam go léir a fhaigheann sé, lena n-áirítear taifid ar fhoinsí an ioncaim sin,*
- (b) *an caiteachas go léir a thabhaigh sé, agus*
- (c) *a shócmhainní agus a dhlíteanais*'.

Ceadaithe agus údaraithe lena eisiúint ag an mbord stiúrthóirí ar agus sínithe thar a cheann:

Aisling Kennedy
Cathaoirleach

9 Meitheamh 2025

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach

9 Meitheamh 2025



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste **Comptroller and Auditor General**

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the Irish Auditing and Accounting Supervisory Authority for the year ended 31 December 2024 as required under the provisions of section 927 of the Companies Act 2014. The financial statements comprise the statement of financial position, the statement of income and expenditure, the statement of changes in reserves and capital account, the statement of cash flows and the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority at 31 December 2024 and of its income and expenditure for 2024
- have been properly prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*, and
- have been properly prepared in accordance with the Companies Act 2014.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Conclusions related to going concern

The directors have prepared the financial statements on a going concern basis. As described in the appendix to this report, I conclude on

- the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting by the directors and
- whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the company's ability to continue as a going concern.

I have nothing to report in that regard.

Opinion on other matters prescribed by the Companies Act 2014

Based on the work undertaken in the course of the audit, I report that in my opinion

- the information given in the directors' report is consistent with the financial statements, and
- the directors' report has been prepared in accordance with applicable legal requirements.

I have obtained all the information and explanations that, to the best of my knowledge and belief, are necessary for the purposes of my audit.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, and the financial statements are in agreement with the accounting records.

Based on the knowledge and understanding of the Authority and its environment obtained in the course of the audit, I have not identified any material misstatements in the directors' report.

Report of the C&AG (continued)

The Companies Act 2014 also requires me to report if, in my opinion, the disclosures of directors' remuneration and transactions required by sections 305 to 312 of the Act are not complied with by the company. I have nothing to report in that regard.

Reporting on other information

The directors are responsible for other information they have presented with the financial statements. This comprises the annual report, including the report of the directors, the statement on internal control and the Directors' Responsibilities statement. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.



Mark Brady
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

12 June 2025

Appendix to the report

Responsibilities of the Directors

As detailed in the directors' report, the directors are responsible for

- the preparation of annual financial statements in the form prescribed under the Companies Act 2014
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 927 of the Companies Act 2014 to audit the financial statements of the Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.

- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the company to cease being a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Other Information

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

ÚDARÁS MAOIRSEACHTA INIÚCHÓIREACHTA & CUNTASAÍOCHTA NA HÉIREANN

Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

	Nota	2024 €	2023 €
Acmhainní neamhreatha			
Réadmhaoin, gléasra & trealamh	4	25,480	36,355
		25,480	36,355
Sócmhainní reatha			
Fardal		2,480	1,573
Infháltais	5	191,047	414,497
Airgead tirim & coibhéisí airgid thirim	6	1,680,247	1,805,454
		1,873,774	2,221,524
Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain			
Suimeanna iníoctha	7	301,946	502,076
Dreasacht cíosa iarchurtha	8	5,337	6,710
Ioncam breise ó thobhach PAB	9	403,941	596,078
Ioncam breise ó thobhach gnólachta iniúchóireachta PIE	9	288,992	151,535
Ioncam Breise Deontais Roinne	9	193,378	283,983
		1,193,594	1,540,382
Glansócmhainní reatha		680,180	681,142
Méideanna a bhíonn dlite tar éis bliana			
Dreasacht cíosa iarchurtha	8	-	5,337
		-	5,337
Glansócmhainní roimh shochair scoir		705,660	712,160
Sochair scoir			
Dlíteanas sochair scoir	10	(6,950,000)	(6,192,000)
Maoiniú sochar scoir iarchurtha an stáitchiste	10	6,950,000	6,192,000
Glansócmhainní tar éis sochar scoir		705,660	712,160
Cúlchistí			
Cúlchiste ioncaim		-	-
Cuntas caipitil	11	25,480	36,355
Cúlchiste		680,180	675,805
Cistí na gComhaltaí		705,660	712,160

Ceadaithe agus údaraithe lena eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Aisling Kennedy
Cathaoirleach

9 Meitheamh 2025

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach

9 Meitheamh 2025

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
Ioncam	12	5,450,182	4,732,941
Costais riaracháin			
Costais na mball foirne	13	4,342,889	3,710,527
Táillí stiúrthóirí	14	42,539	42,750
Cóiríocht		395,613	339,452
Taisteal & cothú	15	136,762	90,268
Seirbhísí dlíthiúla agus gairmiúla	16	98,097	77,605
Caiteachas oifige	17	106,569	70,342
Teicneolaíocht faisnéise		149,292	133,525
Forbairt ghairmiúil		98,565	131,081
Árachas		42,995	41,727
Luach saothair an iniúchára	18	17,800	17,800
Dímheas		28,373	36,133
Costais iomlána riaracháin		5,459,494	4,691,210
(Easnamh)/Barrachas ioncaim thar chostais riaracháin roimh chostais riaracháin		(9,312)	41,731
Ioncam airgeadais	19	2,812	498
(Easnamh)/Barrachas don bhliain		(6,500)	42,229
Ioncam cuimsitheach eile			
(Caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais scéimeanna pinsin		(193,000)	(21,000)
Athruithe ar thoimhdí		176,000	(783,000)
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin an státhiste		17,000	804,000
(Easnamh)/Barrachas iomlán aitheanta don bhliain		(6,500)	42,229

Ceadaithe agus údaraithe lena eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Aisling Kennedy
Cathaoirleach

9 Meitheamh 2025

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach

9 Meitheamh 2025

Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Cúlchiste loncaim €	Cuntas Caipitil €	Cúlchiste €	Glansóc- mhainní €
Iarmhéid — 1 Eanáir 2023	-	53,337	616,594	669,931
Barrachas don bhliain	42,229	-	-	42,229
Aistriú ón gCuntas loncaim & Caiteachais:				
loncam a cuireadh i bhfeidhm ar éadálacha sócmhainní caipitlithe	(19,151)	19,151	-	-
Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm i gcomhréir le dímheas sócmhainní	36,133	(36,133)	-	-
loncam infhaighte ar airgead chúlchiste (diúltach	(189)	-	189	-
loncam ó fhíneálacha — a.934	(59,022)	-	59,022	-
(Caillteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin	(1,392,000)	-	-	(1,392,000)
Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsin iarchurtha an státchiste	1,392,000	-	-	1,392,000
Iarmhéid — 31 Nollaig 2023 / 1 Eanáir 2024	-	36,355	675,805	712,160
(Ganntanas) don bhliain	(6,500)	-	-	(6,500)
Aistriú ón gCuntas loncaim & Caiteachais:				
loncam a cuireadh i bhfeidhm ar éadálacha sócmhainní caipitlithe	(17,498)	17,498	-	-
Lúide: Amúchadh curtha i bhfeidhm i gcomhréir le dímheas sócmhainní	28,373	(28,373)	-	-
loncam infhaighte ar airgead chúlchiste	(1,897)	-	1,897	-
loncam ó fhíneálacha/socraíochtaí — s.933/934	(2,478)	-	2,478	-
(Caillteanas) achtúireach ar dhliteanais phinsin	(758,000)	-	-	(758,000)
Coigeartuithe ar mhaoiniú pinsin iarchurtha an státchiste	758,000	-	-	758,000
Iarmhéid — 31 Nollaig 2024	-	25,480	680,180	705,660

Ceadaithe agus údaraithe lena eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Aisling Kennedy
Cathaoirleach

9 Meitheamh 2025

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach

9 Meitheamh 2025

Ráiteas ar Shreafaí Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
Glanairgead (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	20	(110,521)	(74,237)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús faighte		2,812	498
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil		(17,498)	(19,151)
(Laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		(125,207)	(92,890)
Réiteach shreabhadh glanairgid le gluaiseachtaí i nglanchistí			
(Laghdú) ar ghlanchistí sa bhliain	21	(125,207)	(92,890)
Glanchistí amhail an 1 Eanáir		1,805,454	1,898,344
Glanchistí amhail an 31 Nollaig		1,680,247	1,805,454

Ceadaithe agus údaraithe lena eisiúint ag an mbord stiúrthóirí agus sínithe thar a cheann:

Aisling Kennedy
Cathaoirleach

9 Meitheamh 2025

Kevin Prendergast
Príomhfheidhmeannach

9 Meitheamh 2025

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn* arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa Ríocht Aontaithe lena úsáid in Éirinn.

Ós rud é nach ndéanann an chuideachta trádáil chun go bhfaighidh a comhaltaí brabús, chinn na stiúrthóirí gur iomchuí Ráiteas loncaim agus Caiteachais ina nochtar an barrachas nó an t-easnamh don bhliain seachas cuntas Brabúis & Caillteanais mar a fhoráiltear in Alt 291(5) d'Acht 2014. Ar an gcaoi chéanna, soláthraítear sa Ráiteas um Staid Airgeadais an fhaisnéis uile a nochtfaí sa Chlár Comhardaithe ar shlí eile.

De réir FRS 102, is éard atá sna Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas um Staid Airgeadais, an Ráiteas loncaim & Caiteachais, an Ráiteas um Athruithe ar Chúlchistí & ar Chuntas Caipitil, an Ráiteas um Shreafaí Airgid, agus Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

2. Beartais chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm

2.1 Sócmhainní Neamhreatha — dímheas

Luaitear sócmhainní neamhreatha sa Ráiteas um Staid Airgeadais ar a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an Ráiteas loncaim & Caiteachais de réir méid cothrom, agus ríomhtar an muirear thar shaolréanna úsáideacha ionchais na sócmhainní.

2.2 Fardal

Is ionann stoic atá ar láimh ag deireadh na tréimhse agus stoic d'earraí inchaite teicneolaíochta faisnéise agus d'earraí inchaite oifige agus luaitear iad ag an gceann níos ísle de chostas agus glanluach inréadaithe.

2.3 Aitheantas ioncaim

Faigheann ÚMICÉ ioncam ó roinnt foinsí chun freastal ar chaiteachas a thabhaítear agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige. Tríd is tríd, aithnítear mar chreidiúnaí nó mar fhéichiúnaí faoi seach aon mhéideanna a fhaightear atá os cionn nó faoi bhun an chaiteachais a tabhaíodh. Foráiltear le halt 921(1) d'Acht 2014 go laghdaíonn méideanna breise an méid is iníoctha don tréimhse airgeadais ina dhiaidh sin. Leagtar amach thíos bunús an mhaoinithe agus an beartas cuntasaíochta i ndáil le haitheantas ioncaim.

Foinse ioncaim	Cuspóir	Beartas aitheantais
Ioncam Tobhaigh		
Státchiste (tríd an Roinn)	Maoiníonn an Státchiste 40% de ghlanchaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach bhfuil maoinithe ó na foinsí eile atá liostaithe thíos.	Aitheanta i gcomhréir leis an gcaiteachas a thabhaítear i bhfeidhmiú na feidhme sa tréimhse airgeadais. Aithnítear méideanna a fhaightear de bhreis ar an méid sin mar chreidiúnaí.
Comhlachtaí Cuntasaíochta Forordaithe	Maoiníonn PABanna 60% de ghlanchaiteachas ÚMICÉ sa tréimhse airgeadais nach bhfuil maoinithe ó na foinsí eile atá liostaithe thíos.	
Gnólachtaí iniúcháireachta Eintitis Leasa Phoiblí ('PIE')	Maoiníonn gnólachtaí iniúcháireachta PIE costais a bhaineann le cigireacht a dhéanamh ar cháilíocht iniúchtaí PIEanna	
Státchiste (tríd an Roinn)	Maoiníonn an Státchiste costais i ndáil lena fheidhmeanna faoin Treoir Thrédhearcachta Rialacháin	
Comhlachtaí Cuntasaíochta Aitheanta ('RABanna')	Maoiníonn RABanna (PABanna atá údaraithe chun iniúcháirí a aithint) costais a bhaineann le glacadh le Caighdeáin Iniúcháireachta lena n-úsáid in Éirinn.	
Státchiste (tríd an Roinn)	Úsáidtear an Cúlchiste go príomha chun costais a bhaineann le fiosrúcháin reachtúla faoi alt 933 a íoc. Gearrtar tobhaigh, nuair a bhíonn siad ann, ar an Státchiste agus ar PABanna faoi seach i gcóimheas 40:60 faoi alt 919 d'Acht 2014.	Aitheanta ar dháta formheasa ag an Aire.
Ioncam Neamh-thobhaigh		
Ioncam ó fhíneálacha	Déantar ioncam a eascraíonn as fíneálacha a fhorchuireann an ÚMICÉ de bhun fiosrúcháin agus imscrúdaithe reachtúla faoi ailt 933 agus 934 d'Acht 2014 faoi seach a thaisceadh sa Chúlchiste, agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun costais fiosrúcháin nó imscrúdaithe a bhaineann leis an alt céanna a íoc.	Aitheanta ar dháta an tsocraithe (más rud é gur socraíodh é) nó ar dháta formheasa na hArd-Chúirte
Aisghabháil na gcostas imscrúdaithe	Ag brath ar an gcineál sáraithe, maoinítear imscrúdaithe faoi alt 934 d'Acht 2014 ag ábhar an imscrúdaithe (an 'duine sonraithe'), nó ag an RAB dá bhfuil an duine sonraithe ina chomhalta.	Aitheanta ar dháta an tsocraithe (más rud é gur socraíodh é) nó ar dháta formheasa na hArd-Chúirte
Táillí eintitis iniúcháireachta tríú tír	Úsáidtear an t-ioncam seo chun costais a fhritháireamh a bhaineann le hiarratais chlárúcháin ó iniúcháirí neamh-AE a phróiseáil le haghaidh aitheantais in Éirinn.	Aitheanta nuair a chláraítear é. Ní mór táillí clárúcháin os cionn €40,000 a thabhairt ar ais don Roinn.

2.4 Príomhphearsanra bainistíochta

Is ar bhord na stiúrthóirí agus ar an bPríomh-fheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, go heisiach atá an fhreagracht as gníomhaíochtaí ÚMICÉ a phleanáil, a stiúradh agus a rialú.

2.5 Scéim Pinsean Aonair na hEarnála Poiblí

Feidhmíonn ÚMICÉ Scéim Pinsean Aonair na Seirbhísí Poiblí (“Scéim Aonair”), ar scéim shochair shainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí).

3. Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla

3.1 Sochair scoir

Tá an seasamh maidir le scéimeanna pinsin ÚMICÉ mar atá leagtha amach i Nóta 11. Sainmhínítear in alt 28.10(a) de FRS 102 scéimeanna Ranníocaíochta Sainmhínithe mar *“pleananna sochar iar-fhostaíochta faoina n-íocann eintiteas ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh (ciste) agus nach bhfuil aon oibleagáid dhlíthiúil ná tairbheach air ranníocaíochtaí breise a íoc nó íocaíochtaí sochar díreacha a dhéanamh le fostaithe mura bhfuil dóthain sócmhainní ag an gciste chun gach sochar fostaithe a bhaineann le seirbhís fostaithe sna tréimhsí reatha agus roimhe sin a íoc. Dá bhrí sin, déantar méid na sochar iar-fhostaíochta a fhaigheann an fostaí a shocrú le méid na ranníocaíochtaí a íocann eintiteas (agus b’fhéidir an fostaí freisin) le plean sochar iar-fhostaíochta nó le hárachóir, mar aon le tuairisceáin infheistíochta a eascraíonn as na ranníocaíochtaí”*.

Ní mór amharc ar gach scéim eile mar scéimeanna Sochair Shainithe.

Go bunúsach, measann na stiúrthóirí go mbíonn an oibleagáid sochair scoir a íoc ar ÚMICÉ i gcónaí, ach go bhfuil gealltanais tugtha ag an Stáitchiste go leor cistí a sholáthar do ÚMICÉ chun aon oibleagáidí den sórt sin a shocrú thar ceann ÚMICÉ de réir mar a bhíonn siad dlite, ar choinníoll go n-íocann ÚMICÉ ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra de réir rátaí a shonraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí. D’ainneoin gur dheimhnigh an Stáitchiste go n-iompróidh sé gach dliteanas a eascraíonn as fostaithe ÚMICÉ (agus a gcéilí, a bpáirtnéirí sibhialta agus a leanaí) agus ranníocaíocht sheasta á fáil aige ar a son, tá na stiúrthóirí fós den tuairim go bhfuil an oibleagáid chonarthach fós idir an tÚdarás agus a fhostaithe. Dá bhrí sin, leanann na stiúrthóirí de chuntas a thabhairt ar na scéimeanna mar scéimeanna Sochair Shainithe. Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Stáitchiste larchurtha infhaighte araon.

4. Acmhainní neamhreatha

	TF Trealamh	Oifig Trealamh	Troscán & Feistis	Iomlán
Ráta Dímheasa	33.33%	20%	12.5%	
	€	€	€	€
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2024	200,601	67,297	88,520	356,418
Breisiúcháin	16,112	1,386	-	17,498
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2024	216,713	68,683	88,520	373,916
Dímheas Carnach				
Amhail an 1 Eanáir 2024	177,351	54,890	87,822	320,063
Muirear don bhliain	22,582	5,340	451	28,373
Diúscairtí	-	-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2024	199,933	60,230	88,273	348,436
GLANLUACH LEABHAR				
Amhail an 1 Eanáir 2024	23,250	12,407	698	36,355
Amhail an 31 Nollaig 2024	16,780	8,453	247	25,480

4.1 Sócmhainní neamhreatha 2023

	TF Trealamh	Oifig Trealamh	Troscán & Feistis	Iomlán
Ráta Dímhheasa	33.33%	20%	12.5%	
	€	€	€	€
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2024	201,089	65,456	88,520	355,065
Breisiúcháin	17,310	1,841	-	19,151
Diúscairtí	(17,798)	-	-	(17,798)
Amhail an 31 Nollaig 2024	200,601	67,297	88,520	356,418
Dímhneas Carnach				
Amhail an 1 Eanáir 2024	173,380	48,883	79,465	301,728
Muirear don bhliain	21,769	6,007	8,357	36,133
Diúscairtí	(17,798)	-	-	(17,798)
Amhail an 31 Nollaig 2024	177,351	54,890	87,822	320,063
GLANLUACH LEABHAR				
Amhail an 1 Eanáir 2024	27,709	16,573	9,055	53,337
Amhail an 31 Nollaig 2024	23,250	12,407	698	36,355

5. Infháltais

	2024 €	2023 €
Féichiúnaithe Gnólachta Iniúcháireachta PIE	-	168,165
Féichiúnaithe PAB	141	47,369
Eile	190,906	198,963
	191,047	414,497

6. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

	2024 €	2023 €
Banc — taisce fógra (Cúlchiste)	617,822	616,783
Banc — taisce fógra (Neamh-Chúlchiste)	718,647	717,438
Banc — reatha	343,734	471,189
Airgead ar Láimh	44	44
Airgead tirim & coibhéisí airgid thirim	1,680,247	1,805,454

7. Suimeanna iníoctha

	2024 €	2023 €
Pá agus é a bhaineann le pá	244,408	171,996
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	7,195	11,826
Seirbhísí dlíthiúla agus gairmiúla	10,448	9,288
Creidiúnaithe Gnólachta Iniúchóireachta PIE	3,123	65,429
Creidiúnaithe PAB	1,918	89,264
Eile	34,854	154,273
	301,946	502,076

8. Léas cóiríochta, dreasacht cíosa iarchurtha

Íocann Oifig na nOibreacha Poiblí ('OOP') cíosanna atá dlite faoi léasanna leis an léasóir agus gnóthaíonn OOP iad ó ÚMICÉ gach ráithe de réir comhaontaithe. Gearrtar cíosanna ar an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh i gcrích in 2005 maidir leis an dara hurlár, Teach Willow, Páirc na Mílaoise, An Nás, bhain ÚMICÉ leas as tréimhse saor ó chíos ag tús an léasa seo. Tá luach na dreasachta scaipthe thar shaolré an léasa. Mar thoradh ar an gcóireáil seo, tá muirear €27,652 sna ráitis airgeadais ar dháta an ionchorpraithe agus dreasacht cíosa iarchurtha comhfhreagrach ann, a scaoilfear chuig an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais thar thréimhse an léasa.

Faoin gcomhaontú léasa a tugadh i gcrích in 2016 maidir leis an gcéad urlár, Teach Willow, bhain ÚMICÉ leas as tréimhse bhreise saor ó chíos sé mhí ó thús an léasa seo go dtí an 14 Márta 2017. Scaipfear luach na dreasachta thar shaolré an léasa, i.e., go dtí an 14 Meán Fómhair 2025. Mar thoradh ar an gcóireáil seo, tá muirear €40,630 sna ráitis airgeadais agus dreasacht cíosa iarchurtha comhfhreagrach ann, a scaoilfear chuig an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais thar thréimhse an léasa.

Luach na ndreasachtaí seo amhail an 31 Nollaig le scaoileadh chuig an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais:

	2024		2023	
	An Chéad Urlár	An Dara hUrlár	An Chéad Urlár	An Dara hUrlár
	€	€	€	€
- laistigh de bhliain amháin	3,821	1,516	5,258	1,452
- i gceann dhá bhliain go cúig bliana	-	-	3,821	1,516
- i gceann níos mó na cúig bliana	-	-	-	-
	3,821	1,516	9,079	2,968

9. Iompar Ar Aghaidh Thobhach Fhéichiúnaí Deontais Státchiste/PAB

Mar a leagtar amach i Nóta 2, faightear ioncam ó roinnt foinsí. Leagtar amach thíos na méideanna a aithnítear mar aon le hiarmhéideanna dheireadh na bliana.

9.1 Ríomh an Ghlanchaiteachais

	2024 €	2023 €
Caiteachas Comhlán de réir Ráiteas Ioncaim & Caiteachais	5,459,494	4,691,210
Coigeartaigh le haghaidh:		
Méid neamh-amúchta ioncaim a úsáideadh le haghaidh éadálacha caipitil	(10,876)	(16,982)
	5,448,618	4,674,228
Lúide:		
Ús infhaighte neamh-chúlchiste	916	309
Táillí comhdhála IFIAR	107,600	-
Ioncam ó chlárú eintitis iniúcháireachta tríú tír	49,500	53,999
Glanchaiteachas don bhliain	5,290,602	4,619,920
Glanchaiteachas inchurtha i leith an Státchiste		
i. An Treoir Thrédhearcachta (100%) (Nóta 2.3)	982,467	
ii. Ioncam breise ó Iniúchadh Tríú Tír Eintitis (Nóta 2.3)	(9,500)	
iii. Oibleagáidí faoin Acht 2014 (40% den iarmhéid)	567,568	1,540,535
1,318,533		
Glanchaiteachas inchurtha i leith PABanna		
i. Glacadh le Caighdeáin Iniúcháireachta (100%) (Nóta 2.3)	470,706	
ii. Oibleagáidí faoin Acht 2014 (60% den iarmhéid)	851,353	1,322,059
1,107,922		
Glanchaiteachas inchurtha i leith Iniúchadh PIE Gnólachtaí	2,428,008	2,193,465
	5,290,602	4,619,920

9.2 Ríomh ar Fhiachúnaí Deontais / Iompar Tobhaigh Ar Aghaidh

	Státchiste	PABanna	PIE — Iniúchadh Gnólachtaí	Iomlán
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2024	(283,983)	(596,078)	(151,535)	(1,031,596)
Ioncam le haghaidh cuspóirí sonracha				
Glacadh le caighdeáin iniúcháireachta		470,706		470,706
Cigireacht ar PIEnna			2,428,008	2,428,008
An Treoir Thrédhearcachta	982,467			982,467
Glanchaiteachas	558,068	851,353		1,409,421
Ioncam aitheanta in I&E (Nóta 12)	1,540,535	1,322,059	2,428,008	5,290,602
Méideanna infhaighte in 2024	(1,449,930)	(1,129,922)	(2,565,465)	(5,145,317)
Gluaiseacht 2024	90,605	192,137	(137,457)	145,285
Iarmhéid curtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig 2024	(193,378)	(403,941)	(288,992)	(886,311)

10. Sochair Scoir

10.1 Léargas Ginearálta

Foráiltear le halt 926(1) d'Acht 2014 nach féidir le ÚMICÉ scéim aoisliúntais a bhunú ach amháin le formheas an Aire, arna thabhairt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí. D'ullmhaigh agus chuir ÚMICÉ tograí faoi bhráid na nAirí maidir le fostaithe agus céilí, páirtneirí sibhialta agus leanaí na bhfostaithe (bunaithe ar na 'Scéimeanna Múnla' sochar sainithe de chuid na státseirbhíse). Cheadaigh na hAirí na scéimeanna, a cuireadh isteach de bhun na forála comhfhreagraí in Acht 2003, ar an 29 Samhain 2010 agus ar an 5 Nollaig 2012 faoi seach. Tá na scéimeanna bunaithe ar scéimeanna 'múnla' na státseirbhíse mar a thuairiscítear ar an suíomh gréasáin www.cspensions.gov.ie. Tá sochair faoi na scéimeanna seo bunaithe ar thuarastal deiridh na mball.

Is baill den Scéim Aonair iad fostaithe a chuaigh isteach sa tseirbhís phoiblí ó 1 Eanáir 2013 (mar atá leagtha amach i Nóta 2.5). Is scéim shochair shainithe í seo, le sochair bunaithe ar mheántuilleamh gairme.

Mar achoimre, is iad seo a leanas na socruithe do na scéimeanna uile:

- i. Íoctar ranníocaíochtaí scéime fostaithe ÚMICÉ leis an Roinn;
- ii. Íocann ÚMICÉ ranníocaíocht fostóra leis an Roinn, agus socraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí an ráta ina leith sin. Ba é 25% an ráta a bhí i bhfeidhm in 2024 [2023: 25%], faoi uasmhéid trí huaire ranníocaíocht an fhostaí do bhaill den Scéim Aonair;
- iii. ar son íocaíocht ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an fhostóra léi, tá gealltanais tugtha ag an Roinn go n-íocfaidh an Státchiste go hiomlán aon sochair atá dlite d'fhostaithe ÚMICÉ, agus/nó dá gcéilí, dá bpáirtneirí sibhialta agus dá leanaí de réir mar a bhíonn siad dlite.

Déantar dliteanais scéime arna léiriú ag luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo a thuill foireann ÚMICÉ go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as an modh aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin sochair a thuill foireann ÚMICÉ sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin fostaithe, ar choinníonn an Roinn iad. Meastar gurb ionann an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais maidir le Maoiniú Sochair Scoir an Státchiste larchurtha agus an méid atá cothrom le meastachán na hoibleagáide maidir le dliteanais na scéime pinsin.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thiomhdí achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas Ioncaim & Caiteachais don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid le haghaidh Maoiniú Sochar Scoir an Státchiste larchurtha.

Déantar ranníocaíochtaí fostóra, a ghearrtar ag ráta a fhorchuireann an tAire Caiteachais Phoiblí agus a choinníonn an Státchiste, a ghearradh nó a chreidiúnú ar an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais a mhéid a sháraíonn siad nó a bhíonn siad in easnamh i ndáil le costais phinsin faoi seach mar a thuairiscítear thuas.

10.2 Luacháil achtúireach

Tá luacháil achtúireach coimisiúnaithe ag ÚMICÉ ar dhliteanais charntha ar dháta an chláir chomhardaithe, agus ar chostas na sochar (costas seirbhíse) carntha i rith na bliana. Tá an luacháil seo, a bhí bunaithe ar an modh Aonaid Réamh-mheasta, bunaithe ar na toimhdí seo a leanas:

	Amhail 31-12-2024	Amhail 31-12-2023
Ráta méadaithe ar thuarastail	3.00%	3.10%
Ráta méadaithe ar íocaíocht pinsin	2.50%	2.60%
Ráta lascaine	3.60%	3.60%
Toimhde maidir le boilsciú	2.00%	2.10%
Ionchas saoil ag 70 bliain d'aois:		
Pinsinéirí reatha — fireann	17.7 bliain	17.6 bliain
Pinsinéirí reatha — baineann	19.8 bliain	19.7 bliain
Pinsinéirí amach anseo — fireann	19.8 bliain	19.7 bliain
Pinsinéirí amach anseo — baineann	21.7 bliain	21.6 bliain

Bunaithe ar an méid thuas, is é €6,950,000 [2023: €6,192,000] luach reatha na ndlíteanas ar dháta an chláir chomhardaithe, agus is é €50,000 [2023: €147,000] costas seirbhíse (ríofa ar na toimhdí thuasluaite) don bhliain. Níor fheidhmigh roinnt ball foirne de chuid ÚMICÉ a bhfuil seirbhís carntha acu in áiteanna eile sa tseirbhís phoiblí an rogha chun an tseirbhís sin a aistriú chuig ÚMICÉ go dtí seo.

10.3 Anailís ar chostais iomlána pinsin a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais

	2024 €	2023 €
Ranníocaíocht iomlán an fhostóra	616,621	526,349
*Costas reatha seirbhíse	516,000	381,000
Costas úis	241,000	222,000
Coigeartú ar mhaoiniú pinsin an Stáitchiste iarchurtha	(757,000)	(603,000)
Iomlán a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais	616,621	526,349

*Tá ranníocaíochtaí fostaithe arb ionann iad agus €466,000 [2023: €234,031] curtha san áireamh i ríomh an chostais seirbhíse reatha.

10.4 Gluaiseacht i nglan-dlíteanas pinsin

	2024 €	2023 €
Glan-Dlíteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	6,192,000	4,800,000
Costas Seirbhíse Reatha	516,000	381,000
Costas Úis	241,000	222,000
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéimeanna pinsin	193,000	21,000
Athruithe ar thoimhdí	(176,000)	783,000
Sochair a íocadh sa bhliain (slánaithe)	(16,000)	(15,000)

	2024 €	2023 €
Glan-Dliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	6,950,000	6,192,000

10.5 Stair dhliteanais na scéime agus (ghnóthachain)/caillteanais ó thaithí

	2024 €	2023 €	2022 €	2021 €	2020 €
Dliteanas scéime	6,950,000	6,192,000	4,800,000	9,687,000	8,137,000
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime	193,000	21,000	(464,000)	548,000	257,000
Athruithe ar thoimhdí	(176,000)	783,000	(5,409,000)	68,000	1,915,000

11. Cuntas caipitil

Leiríonn an cuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitil (i.e. éadálacha sócmhainní).

12. Ioncam

12.1 Clár Caiteachais Ceadaithe

Ba é €6,324,000 [2023: €5,750,000] Clár Caiteachais ÚMICÉ don bhliain, mar a cheadaigh an tAire faoi alt 911(1) d'Acht 2014, mar atá leagtha amach thíos. Áirítear leis seo maoiniú ón státchiste (trí vóta 32 na Roinne, fo-mhírcheann C12) suas le huasmhéid €1,014,000 [2023: €856,000] a cuireadh ar fáil i rith na bliana i leith fheidhmeanna ÚMICÉ faoin Treoir Thrédhearcachta. Rinne gnólachtaí iniúcháireachta PIE agus RABanna faoi seach na cigireachtaí iniúcháireachta agus na feidhmeanna maidir le glacadh le caighdeáin iniúcháireachta a mhaoiniú.

	Státchiste	PABanna	Gnólachtaí Iniúcháireachta PIE	Iomlán
Caiteachas athfhillteach	867,000	1,302,000		2,169,000
Leithdháileadh ceadaithe maidir le glacadh le caighdeáin iniúcháireachta		424,000		424,000
Leithdháileadh ceadaithe maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaithe iniúcháireachta			2,717,000	2,717,000
Leithdháileadh ceadaithe maidir le gníomhaíochtaí na Treorach Trédhearcachta	1,014,000			1,014,000
	1,881,000	1,726,000	2,717,000	6,324,000

Baineadh úsáid as na méideanna thuasluaite, arb ionann iad agus €6,324,000, mar bhonn chun billeáil a dhéanamh chuig na maoinitheoirí faoi seach in 2024, lúide méideanna a bhí dlite do na maoinitheoirí sin ag tús na bliana arb ionann iad agus €1,031,596. B'ionann an glanchaiteachas don bhliain agus €5,420,580. Nochtar tuilleadh anailísí ar na méideanna sin i Nóta 9, lena n-áirítear an t-iarmhéid de €886,312 atá dlite do mhaoinitheoirí ag deireadh na bliana.

12.2 Anailís ar ioncam

	2024 €	2023 €
<i>Ioncam athfhillteach faoi Acht 2014</i>		
Ioncam deontais Státchiste: vóta 32, fo-mhírcheann C12	558,069	442,196
Tobhaigh PABanna	851,354	684,293
<i>Ioncam maidir le Gníomhaíocht na Treorach Trédhearcachta</i>		
Ioncam deontais Státchiste: vóta 32, fo-mhírcheann C12	982,467	876,337
<i>Ioncam maidir le glacadh le caighdeáin iniúcháireachta</i>		
Tobhaigh RABanna	470,706	423,629
<i>Ioncam maidir le gníomhaíochtaí cigireachta iniúcháireachta</i>		
Gnólachtaí Iniúcháireachta PIE	2,428,008	2,193,465
Ioncam iomlán ó mhaoinitheoirí	5,290,604	4,619,920
<i>Ioncam cúlchiste</i>		
Méideanna infhaighte maidir le fíneálacha nó socraíochtaí (alt	2,478	59,022
<i>Ioncam maidir le comhdháil IFIAR</i>		
Táillí freastail do chomhdháil IFIAR	107,600	-
<i>Ioncam maidir le clárú eintitis iniúcháireachta tríú tír</i>		
Táillí clárúcháin a fuarthas ó eintitis iniúcháireachta tríú tír	49,500	53,999
	5,450,182	4,732,941

13. Costais na mBall Foirne

	2024 €	2023 €
Tuarastail	3,367,852	2,880,050
Ranníocaíocht PRSI Fostóra	358,416	304,128
Ranníocaíochtaí Sochair Scoir an Fhostóra	616,621	526,349
	4,342,889	3,710,527

Ba é 34 [2023: 30] meánlíon na bhfostaithe (WTE) i rith na bliana. Ba é 36 [2023: 30] líon foirne ÚMICÉ (WTE) amhail an 31 Nollaig 2024. Íoctar fostaithe ÚMICÉ ar bhonn scálaí tuarastail atá cosúil le gráid na státseirbhíse. Is ionann na tuarastail seo agus an pá iomlán agus ní íocann ÚMICÉ ragobair ná liúntais chomhchosúla.

De réir cheanglais na Roinne Caiteachais Phoiblí, leagtar amach thíos anailís ar luach saothair iomlán fostaithe bunaithe ar a bpointe pá amhail an 31 Nollaig dóibh siúd a thuilleann níos mó ná €60,000:

	2024	2023
€60,000 to €69,999	3	3
€70,000 to €79,999	-	1
€80,000 to €89,999	4	1
€90,000 to €99,999	1	2
€100,000 to €109,999	5	3
€110,000 to €119,999	10	10
€120,000 to €129,999	3	3
€130,000 to €139,999	3	-
€140,000 to €169,999	-	-
€170,000 to €179,999	-	1
€180,000 to €189,999	1	-
€190,000+	-	-
	30	24

14. Táillí agus costais an Bhoird

Tá táillí iníoctha le comhaltaí boird de réir ráta a shonróidh an tAire Caiteachais Phoiblí ó am go ham. De réir rialacháin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus an Chóid, níl táillí iníoctha le baill áirithe den bhord atá ina státseirbhísigh freisin.

	2024 €	2023 €
Aisling Kennedy	7,812	7,695
Clodagh Hegarty	7,695	7,695
Aisling McArdle	7,695	7,695
Ronan Nolan	7,695	7,695
Martin Sisk	11,642	11,970
	42,539	42,750

Ina theannta sin, thabhaigh comhaltaí an bhoird suim iomlán de €13,609 [2023: €11,442] i rith na bliana agus iad ag comhlíonadh a ndualgas. Áirítear ar na méideanna sin costais a íoctar go díreach le comhaltaí boird agus iad siúd a thabhaigh ÚMICÉ thar a gceann. B'ionann na costais a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach, nó a tabhaíodh thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh, atá ina chomhalta boird freisin, agus €34,567 [2023: €22,168], mar atá mionsonraithe i Nóta 24.

15. Taisteal & cothú

	2024 €	2023 €
Náisiúnta	31,977	27,800
Idirnáisiúnta	104,785	62,468
	136,762	90,268

Áirítear ar na méideanna sin taisteal agus cothabháil a íocadh le comhaltaí boird. Is é €4,167 [2023: €6,604] an tsuim iomlán a íocadh le comhaltaí boird (gan an Príomhfheidhmeannach san áireamh) as taisteal náisiúnta agus cothú in 2024, agus is é Nialas [2023: Nialas] an tsuim iomlán a íocadh le comhaltaí boird as taisteal idirnáisiúnta agus cothú in 2024.

Áirítear ar chostais taistil idirnáisiúnta muirear fritháirimh charbóin de €1,559 [2023: €708] iníoctha leis an Roinn Iompair, Aeráide, Comhshaoil & Fuinnimh.

16. Seirbhísí comhairleoireachta, dlí agus gairmiúla

	2024 €	2023 €
<i>Sainchomhairleacht</i>		
Comhairle Dlí — Ginearálta	30,966	7,280
Seirbhísí PR	-	308
	30,966	7,588
<i>Seirbhísí Gairmiúla</i>		
Seirbhísí iniúcháireachta inmheánaí agus achtúireachta	35,019	31,462
Seirbhísí aistriúcháin	3,480	3,365
Oiliúint agus meastóireacht an Bhoird	6,016	(195)
Cláir folláine fostaithe	3,841	1,933
Seirbhísí brandála agus dearaidh	(4,503)	18,692
Bainistiú géarchéime	-	14,760
Tacaíocht AD	23,278	-
	67,131	70,017
Iomlán	98,097	77,605

Is costais ghnó mar is gnách iad na costais chomhairliúcháin uile.

17. Caiteachas oifige — siamsaíocht/fáilteachas

Tá na méideanna seo a leanas san áireamh i gcaiteachas oifige arb ionann é agus €106,570 [2023: €70,342]:

	2024 €	2023 €
<i>Inmheánach</i>		
Béilí/deochanna	4,315	4,962
Bláthanna/bronnánais	653	739
<i>Seachtrach</i>		
Béilí/deochanna	52,686	940
Bláthanna/bronnánais	6,280	-
	63,934	6,641

Áirítear ar na méideanna thuas caiteachas €51,534 a bhaineann le Ceardlann Cigireachta IFIAR, arna maoiniú go díreach ag IFIAR.

18. Luach saothair an iniúcháora

	2024 €	2023 €
Iniúchadh ar ráitis airgeadais na cuideachta	17,800	17,800

Ní sholáthraíonn Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste seirbhísí neamh-iniúcháireachta do ÚMICÉ agus níor chuir an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste aon seirbhísí ar fáil seachas seirbhísí iniúcháireachta reachtúla i rith na bliana.

19. Ioncam airgeadais — anailís ar ús infhaighte

	Cúlchiste €	Neamh-Chúlchiste €	IOMLÁN €	2023 €
Cuntais taisce fógra				
Ús comhlán infhaighte	2,830	1,367	4,197	844
DIRT	(934)	(451)	(1,385)	(346)
Glan-ús infhaighte	1,896	916	2,812	498

20. Réiteach an bharrachais don bhliain le glanairgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

	2024 €	2023 €
(Easnamh)/Barrachas don bhliain	(6,500)	42,229
Míreanna Neamhoibríocha:		
Lúide: Ioncam airgeadais	(2,812)	(498)
	(9,312)	41,731
Móide:		
(Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha	(200,130)	213,562
(Laghdú) ar ioncam tobhaigh bhreise PABanna	(192,137)	(2,069)
(Laghdú)/Méadú ar ioncam breise deontais roinne	(90,605)	12,894
Méadú/(Laghdú) ar ioncam breise tobhaigh PAB	137,457	(185,072)
Laghdú/(Méadú) ar infháiltais	223,450	(184,876)
(Méadú)/Laghdú ar fhardal	(907)	170
(Laghdú) ar dhreasacht cíosa iarchurtha	(6,710)	(6,710)
Dímheas	28,373	36,133
	(101,209)	(115,968)
Glanairgead (eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(110,521)	(74,237)

21. Anailís ar athruithe ar ghlanchistí

	Airgead tirim ag an mbanc & ar láimh €	Airgead tirim ar thaisce téarma seasta (neamh-Chúl- chiste) €	Airgead tirim ar thaisce téarma seasta (Cúlchiste) €	IOMLÁN €
Iarmhéid an 1 Eanáir 2024	471,233	717,438	616,783	1,805,454
Sreabhadh airgid don bhliain	(127,455)	1,209	1,039	(125,207)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2024	343,778	718,647	617,822	1,680,247

22. Cánachas

Is comhlacht neamhthráchtála urraithe ag an stát é IAASA chun críocha cánach agus, dá réir sin, níl ioncam agus gnóthachain chaipitiúla a eascraíonn, más ann dóibh, faoi dhliteanas cánach ioncaim ná cánach gnóthachan caipitiúil faoi seach.. Mar sin féin, níl IAASA díolmhaithe ó Cháin Choinneála ar Ús Taiscí.

23. Ceangaltais airgeadais

23.1 Ceangaltais chaipitil

Níl aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2024.

23.2 Ceangaltais chíosa

Tá áitreabh IAASA ar léas thar ceann an Stáit ag OOP. Tá an t-áitreabh ar cíós ag IAASA ó OOP dá réir sin, ach níl aon ghealltanais tugtha aige ina leith seo. Ós rud é nach páirtí sa léas é IAASA, níl aon ghealltanais cíosa aige sna dhá mhí dhéag atá romhainn. Is ionann na gealltanais cíosa faoin léas sna dhá mhí dhéag atá romhainn, atá iníoctha ag OOP, agus €258,582 [2023: €258,582]

24. Tuarastal agus costais an Phríomhfheidhmeannaigh

Ceapadh an tUasal Kevin Prendergast ina Phríomhfheidhmeannach ar an 14 Samhain 2016. Tá a luach saothair mionsonraithe thíos. Ceadáíonn an tAire an méid le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí. Ní raibh an Príomhfheidhmeannach i dteideal táille boird a fháil. Tá an tUasal Prendergast fós ina bhall de Scéim Pinsin na Státseirbhíse. Léiríonn an méid sin thuas pacáiste iomlán luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don tréimhse.

	2024 €	2023 €
Tuarastal comhlán	185,266	177,612

Is stiúrthóir *ex-officio* na cuideachta é an Príomhfheidhmeannach. Nochtar thíos costais a thabhaigh an Príomhfheidhmeannach go díreach i gcomhlíonadh a dhualgas agus/nó a thabhaigh IAASA thar ceann an Phríomhfheidhmeannaigh.

	2024 €	2023 €
Ballraíochtaí gairmiúla	2,241	1,959
Taisteal & Cothú, táillí aeir san áireamh	28,642	18,535
Costais fón póca	242	252
Oiliúint	2,297	416
Nithe teagmhasacha	1,145	1,006
	34,567	22,168

25. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

25.1 Stiúrthóirí

Tá sonraí na n-íocaíochtaí uile a rinneadh le stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin IAASA agus leis an bPríomhfheidhmeannach leagtha amach i nótaí 14 agus 24 faoi seach. Ní raibh aon idirbhearta eile le stiúrthóirí i rith na bliana [2023: nialas], agus ní raibh aon iarmhéideanna gan íoc ar an dáta tuairiscithe [iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2023: nialas].

25.2 Príomhphearsanra bainistíochta

Is ar bhord na stiúrthóirí agus ar an bPríomhfheidhmeannach, atá ina stiúrthóir freisin, go heisiach atá an fhreagracht as gníomhaíochtaí IAASA a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Mar a luadh thuas, leagtar amach i nótaí 14 agus 24 faoi seach na híocaíochtaí uile a rinneadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta seo.

25.3 Páirtithe gaolmhara eile

Ní raibh aon idirbhearta páirtí gaolmhara eile ann le linn 2024 ná 2023 agus ní raibh aon mhéideanna gan íoc ag deireadh ceachtar bliain.

26. Comhaltaí an Bhoird — nochtadh idirbheart

De réir an Chóid, tá cód iompair ghnó i bhfeidhm ag IAASA le haghaidh comhaltaí boird. Áirítear ar an gcód iompair ghnó treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí boird agus chloígh an bord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana a chumhdaíonn na ráitis airgeadais seo. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, ní raibh aon idirbhearta airgeadais le stiúrthóirí seachas íocaíocht táillí agus costais bhoird atá mionsonraithe i nóta 14. Ní raibh aon ócáid ann inar nocht comhalta boird leas airgeadais le linn 2024.

27. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas agus d'údaraigh bord na stiúrthóirí na ráitis airgeadais lena n-eisiúint ar an 7 Meitheamh 2025.

AGUISÍNÍ



AGUISÍN I

Comhaltacht an Bhoird ag deireadh na bliana agus athruithe ar chomhdhéanamh an Bhoird ó foilsíodh an tuarascáil bhliantúil dheireanach

Comhdhéanamh an bhoird amhail an 31 Nollaig 2024

Ball boird	Post	Comhlacht ainmniúcháin	Dáta ceaptha
Aisling Kennedy (Cathaoirleach)	Stiúrthóir	Aire	10 Nollaig 2020
Sandra Davey	Príomhoifigeach	Na Coimisinéirí Ioncaim	26 Bealtaine 2022
Clodagh Hegarty*	Léachtóir	PABanna	30 Bealtaine 2020
David Hegarty	Stiúrthóir Dlí & Beartais, CEA	An tÚdarás Forfheidhmithe Corparáideach	3 Eanáir 2020
Aisling McArdle	Ceann Rialacháin, Euronext Bhaile Átha Cliath	Stocmhalartán na hÉireann	29 Lúnasa 2019
Eida Mullins	Ceann Feidhme: Beartas Baincéireachta, Infheistíochta & Gnólachtaí Íocaíochta	An Banc Ceannais	16 Meán Fómhair 2022
Ronan Nolan*	Cuntasóir Cairte	PABanna	30 Bealtaine 2020
Kevin Prendergast*	Príomhfheidhmeannach	Ex-officio	14 Samhain 2016

*Léiríonn sé ballraíocht i PAB

Sonraí maidir le ceapacháin agus athcheapacháin chuig an mbord i rith na bliana

Stiúrthóir	Dáta ceaptha/ athcheaptha	Comhlacht ainmniúcháin	Cúis leis an bhfolúntas	Téann an téarma in éag
Sandra Davey	2 Eanáir 2024	Na Coimisinéirí Ioncaim	Dul in éag a bharántais féin	2 Eanáir 2029
Aisling Kennedy	2 Eanáir 2024	Aire	Dul in éag a bharántais féin	20 Nollaig 2024 (ar cheapachán mar Chathaoirleach)
	20 Nollaig 2024	Aire	Ceapachán mar Chathaoirleach ÚMICÉ nuair a théann barántas éirí as Martin Sisk in éag	20 Nollaig 2029
Eida Mullins	2 Eanáir 2024	An Banc Ceannais	Dul in éag a bharántais féin	2 Eanáir 2029

Sonraí faoi éirí as ón mbord i rith na bliana (seachas de bharr dhul in éag an Bharántais Cheapacháin)

Stiúrthóir	Dáta ceaptha/athcheaptha	Dáta éirí as	Comhlacht ainmniúcháin
Ceann ar bith			

AGUISÍN II

PABanna faoi chúram ÚMICÉ amhail an 31 Nollaig 2024 agus tuarascálacha eisithe do PABanna le linn 2024

PABanna faoi chúram ÚMICÉ

PAB	AINM	RAB
ACCA	Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte	✓
AIA	Cumann na gCuntasóirí Idirnáisiúnta	
CIMA	Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta	
CIPFA	An Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus um Chuntasaíocht	
ICAI	Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn	✓

Tuarascálacha a eisíodh do PABanna le linn 2024

PAB	Athbhreithniú ar Fheidhm Rialála
ACCA	Tuarascáil théamach ar chéimeanna imscrúdaithe agus torthaí chórais Imscrúdaithe agus Araíonachta PAB
AIA	Tuarascáil théamach ar chéimeanna imscrúdaithe agus torthaí chórais Imscrúdaithe agus Araíonachta PAB
CIMA	Tuarascáil théamach ar chéimeanna imscrúdaithe agus torthaí chórais Imscrúdaithe agus Araíonachta PAB
CIPFA	Tuarascáil théamach ar chéimeanna imscrúdaithe agus torthaí chórais Imscrúdaithe agus Araíonachta PAB
CPA Éireann	Tuarascáil théamach ar chéimeanna imscrúdaithe agus torthaí chórais Imscrúdaithe agus Araíonachta PAB
ICAI	Tuarascáil ar chéimeanna tosaigh an chórais Imscrúdaithe agus Araíonachta in ICAI Tuarascáil théamach ar chéimeanna imscrúdaithe agus torthaí chórais Imscrúdaithe agus Araíonachta PAB

AGUISÍN III

Eisitheoirí a thagann faoi shainchúram forfheidhmithe cuntasaíochta an ÚMICÉ

Ba iad na heisitheoirí a thagann faoi shainchúram forfheidhmiúcháin cuntasaíochta ÚMICÉ, mar a chuir Banc Ceannais na hÉireann (CBI) iad in iúl don Údarás an 31 Nollaig 2024, na cinn seo a leanas:

Eisitheoirí cothromais

1. AIB Group plc
2. Bank of Cyprus Holdings plc
3. Bank of Ireland Group plc
4. Cairn Homes plc
5. Dalata Hotel Group plc
6. FBD Holdings Plc
7. Glanbia plc
8. Glenveagh Properties plc
9. Hammerson plc
10. Hostelworld Group plc
11. Irish Continental Group plc
12. Irish Residential Properties REIT plc
13. Kenmare Resources plc
14. Kerry Group plc
15. Kingspan Group plc
16. Molten Ventures plc
17. Permanent TSB Group Holdings plc
18. Ryanair Holdings plc

Eisitheoirí ciste aonaid

1. Crown Asia-Pacific Private Equity III plc
2. Crown Asia-Pacific Private Equity IV plc
3. Crown Co-Investment Opportunities II plc
4. Crown Global Secondaries IV plc
5. Crown Global Secondaries V Feeder plc

Eisitheoirí fiachais

1. AerCap Global Aviation Trust
2. Amethyst Structured Finance plc
3. Amundi Physical Metals plc
4. Argentum Capital S.A.
5. Bankinter International Notes S.à.r.l.
6. Barclays Bank plc
7. Barclays Bank Ireland plc
8. BBVA Global Markets B.V.
9. Beechwood Structured Finance plc
10. Benbulbin Capital plc
11. Brokercreditservice Structured Products plc
12. DB ETC plc
13. Delamare Finance plc
14. Eirles One DAC
15. Eirles Three DAC
16. Eperon Finance plc
17. Espaccio Securities plc
18. Freshwater Finance plc
19. Gold Bullion Securities Limited
20. Graniteshares Financial plc
21. Greenstreet Structured Financial Products plc
22. HANetf ETC Securities plc
23. Harp Issuer plc
24. Invesco Physical Markets plc
25. Investec Bank plc
26. Ipanema Capital plc
27. Ishares Physical Metals plc
28. Italian Wine Brands S.p.A
29. Juturna (European Loan Conduit No. 16) plc

30. Land Securities Capital Markets plc
31. Leverage Shares plc
32. Lunar Funding V plc
33. Magellan Mortgages No. 3 plc
34. MBA Community Loans plc
35. Minerva Lending plc
36. Nimrod Capital plc
37. Opal Financial Products plc
38. Petra Diamonds US\$ Treasury plc
39. Profile Finance plc
40. Recolte Securities plc
41. Santander International Products plc
42. Silverstate Financial Investments plc
43. Vermillion Protective Bond Portfolio plc
44. Vespucci Structured Financial Products plc
45. Vigado Capital plc
46. Voyce Investments plc
47. Waterford Capital Investments plc
48. Waves Financial Investments plc
49. Wisdomtree Commodity Securities Limited
50. Wisdomtree Foreign Exchange Limited
51. Wisdomtree Hedged Commodity Securities Limited
52. Wisdomtree Hedged Metal Securities Limited
53. Wisdomtree Metal Securities Limited
54. Wisdomtree Multi Asset Issuer plc
55. Xtrackers ETC plc
56. Xtrackers (Jersey) ETC plc

AGUISÍN IV

Tuairiscí eisitheoirí arna scrúdú ag an Aonad Maoirseachta um Thuairisciú Corparáideach le linn 2024

Tuarascálacha eisitheoirí cothromais a ndearnadh scrúdú orthu in 2024

Eisitheoir	Cineál na tuarascála	Cineál an scrúdaithe	Dáta tuairiscithe
AIB Group plc	Bliantúil	Dírthe ar idirghníomhaíocht	31 Nollaig 2023
Bank of Cyprus Holdings plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Nollaig 2023
Bank of Cyprus Holdings plc	Bliantúil	Dírthe ar dheasc	31 Nollaig 2023
Dalata Hotel Group plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Nollaig 2023
Dalata Hotel Group plc	Bliantúil	Dírthe ar dheasc	31 Nollaig 2023
FBD Holdings plc	Bliantúil	Dírthe ar idirghníomhaíocht	31 Nollaig 2023
Glanbia plc	Leathbhliantúil	Dírthe ar idirghníomhaíocht	30 Meitheamh 2024
Glenveagh Properties plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2023
Hammerson plc	Bliantúil	Dírthe ar idirghníomhaíocht	31 Nollaig 2023
Hostelworld Group plc	Bliantúil	Dírthe ar idirghníomhaíocht	31 Nollaig 2023
Irish Continental Group plc	Leathbhliantúil	Dírthe ar idirghníomhaíocht	30 Meitheamh 2024
Irish Residential Properties REIT plc	Bliantúil	Deasc gan teorainn	31 Nollaig 2023
Kenmare Resources plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2023
Molten Ventures plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Márta 2024
Permanent TSB Holdings plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2023
Ryanair Holdings plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Márta 2024
Ryanair Holdings plc	Leathbhliantúil	Deasc gan teorainn	30 Meán Fómhair 2024
Santander International Products plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Nollaig 2023
Smurfit Kappa Group plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Nollaig 2023

Tuarascálacha eisitheoirí ciste aonaid a ndearnadh scrúdú orthu in 2024

Eisitheoir	Cineál na tuarascála	Cineál an scrúdaithe	Dáta tuairiscithe
Crown Co-Investment Opportunities II plc	Bliantúil	Deasc gan teorainn	31 Nollaig 2023
Crown Global Secondaries V Feeder plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Nollaig 2023

Tuarascálacha eisitheoirí fiachais a ndearnadh scrúdú orthu in 2024

Eisitheoir	Cineál na tuarascála	Cineál an scrúdaithe	Dáta tuairiscithe
Amethyst Structured Finance plc	Bliantúil	Deasc gan teorainn	30 Aibreán 2024
Argentum Capital S.A.	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2023
Barclays Bank plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2022
Barclays Bank plc	Bliantúil	Obair leantach	31 Nollaig 2023
Delamare Finance plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	25 Feabhra 2024
Graniteshares Financial plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	30 Meitheamh 2023
HSBC Bank plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2023
Italian Wine Brands S.p.A	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2022
Italian Wine Brands S.p.A	Bliantúil	Obair leantach	31 Nollaig 2023
Lunar Funding V plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2023
Magellan Mortgages No.3 plc	Bliantúil	Idirghníomhaíocht gan teorainn	31 Nollaig 2023
Royal Bank of Canada	Bliantúil	Obair leantach	31 Deireadh Fómhair 2023

AGUISÍN V

Gnólachtaí iniúcháireachta a ndearnadh cigireacht orthu in 2024

INIÚCHÓIRÍ PIE	LÍON NA gCIGIREACHTAÍ COMHAID
BDO	3
Deloitte	5
EY	5
Grant Thornton	4
KPMG	5
Mazars	4
PricewaterhouseCoopers	5
Iomlán	31

AGUISÍN VI

Foilseacháin arna n-eisiúint ag ÚMICÉ le linn 2024

Foilseacháin Chorporáideacha agus Ghinearálta

- [Tuarascáil Bhliantúil 2023](#)
- [Clár Iniúchta Bliantúil agus Tuarascáil Ghníomhaíochta \(AAPA\) 2023](#)

Maoirseacht ar Cháilíocht Iniúcháireachta

- [Tuarascálacha athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta do ghnólachtaí PIE](#)
- [Sraith Léargais Cigireachta 5: Caighdeán Idirnáisiúnta um Bainistiú Cáilíochta in Éirinn 1](#)
- [Sraith Léargais Cigireachta ÚMICÉ 4 — Athbhreithnithe Cáilíochta Rannpháirtíochta](#)
- [Litir eisithe chuig cathaoirigh choistí iniúcháireachta faoi fhreagrachtaí choistí iniúcháireachta faoin treoir um thuairisciú inbhuanaitheachta corporáidí](#)

Creat Iniúcháireachta

- [Nuachtlitir chaighdeánach](#) amháin ina bhfuil an nuacht agus an fhaisnéis is déanaí faoi thionscadal caighdeán iniúcháireachta agus dearbhaithe ÚMICÉ
- Litir tráchta maidir le [Caighdeán Idirnáisiúnta Beartaithe ar Iniúcháireacht 240](#) (Athbhreithnithe) atá beartaithe ag IAASB, Freagrachtaí an Iniúcháir maidir le Calaois in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais
- Litir tráchta maidir le [Caighdeán Idirnáisiúnta Beartaithe ar Iniúcháireacht 570 Gnóthas Leanúnach](#) (Athbhreithnithe) atá beartaithe ag IAASB
- Litir tráchta maidir le [Dréacht-Neamhchosanta IESBA maidir le hObair Shaineolaí Seachtrach a Úsáid](#)
- [ISA \(Éire\) 220, Bainistiú Cáilíochta le haghaidh Iniúchta ar Ráitis Airgeadais](#)
- [ISA \(Éire\) 230, Doiciméid Iniúcháireachta](#)
- [ISA \(Éire\) 240, Freagrachtaí an Iniúcháir maidir le Calaois in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais](#)
- [ISA \(Éire\) 250, Roinn A — Breithniú ar Dhlíthe agus Rialacháin in Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais](#)
- [ISA \(Éire\) 260, Cumarsáid leo Siúd atá i gCeannas ar Rialachas](#)
- [ISA \(Éire\) 300, Iniúchadh ar Ráitis Airgeadais a Phleanáil](#)
- [ISA \(Éire\) 315, Na Rioscaí a Bhaineann le Míráiteas Ábhartha a Aithint agus a Mheasúnú](#)
- [ISA \(Éire\) 320, Ábharthacht in Iniúchadh a Phleanáil agus a Dhéanamh](#)
- [ISA \(Éire\) 402, Breithnithe Iniúchta a Bhaineann le hÚsáid Eagraíochta Seirbhíse ag Eintiteas](#)
- [ISA \(Éire\) 501, Fianaise Iniúcháireachta — Breithnithe Sonracha maidir le Míreanna Roghnaithe](#)
- [ISA \(Éire\) 505, Deimhnithe Seachtracha](#)
- [ISA \(Éire\) 510, Gnóthaí Iniúchta Tosaigh—Iarmhéideanna Tosaigh](#)
- [ISA \(Éire\) 550, Páirtithe Gaolmhara](#)
- [ISA \(Éire\) 610, Obair Iniúcháirí Inmheánacha a Úsáid](#)
- [ISA \(Éire\) 700, Tuairim a Fhoirmiú agus Tuairisciú ar Ráitis Airgeadais](#)

- [ISA \(Éire\) 701, Príomhábhair Iniúchóireachta a Chur in Iúl i dTuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách](#)
- [ISA \(Éire\) 705, Modhnuithe ar an Tuairim i dTuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách](#)
- [ISA \(Éire\) 706, Míreanna maidir le Béim ar Ábhair agus Míreanna maidir le hÁbhair Eile i dTuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách](#)
- [ISA \(Éire\) 710, Faisnéis Chomparáideach — Figiúirí Comhfhreagracha agus Ráitis Airgeadais Chomparáideacha](#)
- [ISA \(Éire\) 720, Freagrachtaí an Iniúcháir maidir le Faisnéis Eile](#)
- [ISA \(Éire\) 805, Breithnithe Speisialta — Iniúchtaí ar Ráitis Airgeadais Aonair agus ar Eilimintí, Cuntais nó Míreanna Sonracha de Ráiteas Airgeadais](#)
- [ISQM \(Éire\) 2, Athbhreithnithe ar Cháilíocht Rannpháirtíochta](#)
- [ISQM \(Éire\) 1, Bainistiú Cáilíochta do Ghnólachtaí a Dhéanann Iniúchtaí nó Athbhreithnithe ar Ráitis Airgeadais, nó Rannpháirtíochtaí Dearbhaithe nó Seirbhísí Gaolmhara Eile](#)
- [Páipéar comhairliúcháin maidir leis an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí \(Éire\)](#)
- [Dréacht-Neamhchosanta Chaighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí \(Éire\) 2024](#)
- [Páipéar comhairliúcháin maidir leis an togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar ISA 505 \(Éire\), Deimhnithe Seachtracha](#)
- [Dréacht-Neamhchosanta Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht \(Éire\) 505 Deimhnithe Seachtracha](#)
- [Páipéar Aiseolais ar Chomhairliúchán chun athbhreithniú a dhéanamh ar ISA 505 \(Éire\), Deimhnithe Seachtracha](#)

Caighdeáin Dearbhaithe Inbhuanaitheachta

- [Páipéar comhairliúcháin maidir le Glacadh le Caighdeán Dearbhaithe Inbhuanaitheachta in Éirinn](#)
- [Páipéar Aiseolais ar Chomhairliúchán maidir le Glacadh le Caighdeán Dearbhaithe Inbhuanaitheachta in Éirinn](#)
- [ISAE \(Éire\) 3000, Rannpháirtíochtaí Dearbhaithe Seachas Iniúchtaí nó Athbhreithnithe ar Fhaisnéis Airgeadais Stairiúil — Dearbhú Tuairiscithe Inbhuanaitheachta in Éirinn](#)
- [Litir tráchta a bhaineann le Dréacht-Neamhchosanta IESBA ar Chaighdeán Eitice Idirnáisiúnta um Dhearbhú Inbhuanaitheachta \(lena n-áirítear Caighdeán Neamhspleáchais Idirnáisiúnta\)](#)

Maoirseacht ar Thuairisciú Corparáideach

- [Toradh na scrúduithe ar ráitis airgeadais a críochnaíodh in 2023](#)
- [Cinneadh tuairiscithe airgeadais — Dalata Hotel Group plc](#)
- [Téamach — Tacsanomaíocht AE le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe](#)
- [Téamach — IFRS 18 — cur i láthair agus neamhchosaint i ráitis airgeadais](#)
- [Tuairimí ar shaincheistean tuairiscithe airgeadais roghnaithe — blianta dar críoch an 31 Nollaig 2024 nó dá éis](#)

Maoirseacht ar Chomhlachtaí Gairmiúla

- [Próifíl na Gairme 2023](#)
- [Feasacht faoin timthriall QA](#)
- [Athbhreithniú téamach ar chórais I&D na PABanna](#)

AGUISÍN VII

Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí

Éilítear leis an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí ar chomhlachtaí na hearnála poiblí ceannaireacht a léiriú i ngníomhú ar son na haeráide trí na gníomhartha atá leagtha amach sa Sainordú a dhéanamh agus tuairisciú orthu. Tá an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí glactha ag ÚMICÉ agus tá na gníomhartha atá leagtha amach sa tábla thíos déanta aige chun a riachtanais a chomhlíonadh. I gcás nárbh fhéidir comhlíonadh iomlán a dhéanamh, tá míniú tugtha ag ÚMICÉ sa cholún ‘stádas in 2024’.

Gníomhaíochtaí sa Sainordú	Gníomhaíochtaí ÚMICÉ	Stádas in 2024
Ár Spriocanna		
Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% faoi 2030 An feabhsúchán ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go 50% faoi 2030	Lorg oifige a laghdú faoi 50% trí áitíocht a laghdú, ó dhá urlár go hurlár amháin	Ag deireadh na bliana, bhí plé ar siúl le OOP d’fhonn an t-aistriú oifige a chríochnú in 2025
An Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a nuashonrú go bliantúil i gcomhréir le Sainordú nuashonraithe um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí	Tá an treochlár um ghníomhú ar son na haeráide le hathbhreithniú gach bliain	Nuashonraíodh an treochlár i mí Lúnasa 2024
Ár mBaill Foirne		
Foireann Ghlas a bhunú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, ag tuairisciú don bhainistíocht shinsearach, chun bheith ina dtiománaithe comhtháite inbhuanaitheachta i ngach comhlacht san earnáil phoiblí	Bunaíodh Foireann Ghlas, ag tuairisciú do Cheann Forbartha Eagraíochtúla	Tá an Fhoireann Ghlas i mbun oibre agus bhuail siad le chéile go rialta i rith 2024
Comhalta den Bhord Bainistíochta a ainmniú mar Chosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta a bheidh freagrach as an Sainordú a chur i bhfeidhm agus tuairisciú air	Tá an Príomhfheidhmeannach le bheith ina Chosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta	Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar Chosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta ÚMICÉ
Oiliúint chuí um ghníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheachta (teicniúil agus iompraíochta, lena n-áirítear oiliúint ar sholáthar glas) a ionchorprú i straitéisí foghlama agus forbartha do bhaill foirne	Tá Clár Oiliúna Ar Líne na Foirne Glasa le cur i gcrích ag gach ball den Fhoireann Ghlas	Chríochnaigh ceathrar ball den Fhoireann Ghlas an oiliúint sin le linn 2024

Gníomhaíochtaí sa Sainordú	Gníomhaíochtaí ÚMICÉ	Stádas in 2024
Ceardlanna foirne a eagrú (go bliantúil ar a laghad) chun plé a dhéanamh ar shaincheistanna aeráide, lena n-áirítear fócas ar lorg carbóin na heagraíochta a laghdú	Eagróidh an Fhoireann Ghlas imeachtaí foirne go bliantúil ar a laghad ar shaincheistanna aeráide	D'eagraigh an Fhoireann Ghlas tráth na gceist, lá glantacháin agus feachtais feasachta a bhain leis an inbhuanaitheacht le linn 2024
A áirithiú go gcuirfidh an bhainistíocht shinsearach go léir (leibhéal PO nó a chomhionann agus os a chionn) cúrsa oiliúna ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide i gcrích in 2023, cosúil le cúrsa oiliúna an Údaráis Áitiúil mar a sheachaid na CAROnna é.	Tá gach SM/LT le páirt a ghlacadh i gcúrsa oiliúna ceannaireachta um ghníomhú ar son na haeráide faoi R1 2024	Chríochnaigh POnna agus os a gcionn an oiliúint i Ráithe 1, 2025.
Ár Modh Oibre		
Tuairisciú ar na nithe seo a leanas sa Tuarascáil Bhliantúil: - Astaíochtaí GCT - Cur i bhfeidhm cheanglais an tsainordaithe - Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta - Comhlíonadh Ciorclán 1/2020: Nósanna imeachta chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh	Tá an fhaisnéis thall le tuairisciú sa Tuarascáil Bhliantúil	Nochtar faisnéis ábhartha i gCaibidil 9, san Aguisín seo, agus sna ráitis airgeadais Ní féidir le ÚMICÉ a astaíochtaí gás ceaptha teasa a thuairisciú go cruinn, toisc gur tionónta é i bhfoirgneamh atá ar léas ag an OOP, agus é ag áitiú dhá cheann de na trí urlár gan aon mhéadrú ar leithligh ann chun méadrachtaí atá sonrach d'urláir a aithint
Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phróisis pháipéarbhunaithe agus meastóireacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le digitiú ionas go mbeidh sé ina chur chuige réamhshocraithe Deireadh a chur le próisis pháipéarbhunaithe a mhéid is indéanta I gcás ina gcaithfear páipéar a sholáthar, a áirithiú gurb é páipéar athchúrsáilte an ceann réamhshocraithe	- Feidhmíonn ÚMICÉ polasaí oifige gan pháipéar - Is páipéar athchúrsáilte é an páipéar oifige go léir a sholáthraítear	Cuireadh gníomhaíochtaí i bhfeidhm mar atá thall ar fud 2024
Deimhniú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach le haghaidh comhlachtaí móra san earnáil phoiblí	Níl ÚMICÉ ina chomhlacht mór san earnáil phoiblí	N/B mar atá thall

Gníomhaíochtaí sa Sainordú	Gníomhaíochtaí ÚMICÉ	Stádas in 2024
Soláthar Poiblí Glas (GPP) a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le Treoirlínte Sholáthar Poiblí Glas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus ag baint úsáide as Cuardach Critéar GPP nuair is iomchuí. Ní mór do gach comhlacht poiblí an méid seo a leanas a dhéanamh: - Deireadh a chur le cupáin, plátaí agus sceanra indiúscartha a úsáid in aon bhialann san earnáil phoiblí nó in áiseanna dúnta - Modhanna tógála ísealcharbóin agus ábhar stroighne ísealcharbóin a shonrú a mhéid is indéanta i gcás tionscadal tógála a fhaightear go díreach nó a fhaigheann tacaíocht dhíreach ó 2023 ar aghaidh	Ní cheannaíonn ÚMICÉ cupáin, plátaí agus sceanra indiúscartha	Cuireadh an ghníomhaíocht i bhfeidhm mar atá thall ar fud 2024
Ár bhFoirgnimh agus ár bhFeithiclí		
Úsáid rothar (lena n-áirítear rothair, rothair leictreacha agus rothair lasta) agus roghanna soghluaisteachta comhroinnte a chur chun cinn mar mhalairt ar úsáid gluaisteán i measc fostaithe agus cuairteoirí trí áiseanna (laistigh agus lasmuigh de fhoirgnimh) a chruthú agus a chothabháil a thacaíonn le roghanna den sórt sin, lena n-áirítear áiteanna páirceála rothair atá slán agus inrochtana, agus stáisiúin luchtaithe.	- Oibríonn ÚMICÉ patrún cianoibre den chuid is mó - Oibríonn ÚMICÉ Scéim na Rothar chun Oibre - Tá páirceáil rothar ar fáil taobh amuigh d'oifigí ÚMICÉ - Tá seomra cithfholcadáin ar fáil - Níl aon údarás ag ÚMICÉ stáisiúin r-luchtaithe a shuiteáil i bhfianaise a stádais mar thionónta i bhfoirgneamh atá ar léas ó OOP.	Gníomhaíochtaí mar atá léirithe thall

Gníomhaíochtaí sa Sainordú	Gníomhaíochtaí ÚMICÉ	Stádas in 2024
Deireadh a chur de réir a chéile le húsáid páirceála i bhfoirgnimh a bhfuil rochtain acu ar raon seirbhísí iompair phoiblí agus roghanna soghluaisteachta gníomhaí/comhroinnte do fhorhóir na foirne/na gcuaiteoirí agus ag an am céanna a áirithiú go gcoimeádtar spásanna páirceála inrochtana leordhóthanach dóibh siúd a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta fisiciúla acu	Oibríonn ÚMICÉ patrún cianoibre den chuid is mó agus mar sin tá turais laethúla gluaisteachta teoranta	N/B mar atá thall
Teastas Fuinnimh Taispeána cothrom le dáta a chur ar taispeáint i ngach foirgneamh poiblí atá oscailte don phobal chun úsáid fuinnimh a thaispeáint go soiléir	Níl ÚMICÉ oscailte don phobal	N/B mar atá thall
Ní shuiteáilfidh an earnáil phoiblí córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise tar éis 2023 (1) i bhfoirgnimh nua, agus (2) i dtionscadail iarfheistithe “mór-ath-chóirithe” [...]	Is tionónta de chuid OOP é ÚMICÉ, agus tá sé faoi réir threoirlínte OOP sa réimse seo	N/B mar atá thall
Maidir le foirgnimh atá ann cheana féin: - Ba chóir do chomhlachtaí móra san earnáil phoiblí agus do ghrúpaí earnála a bhfuil eastát mór acu tús a chur le hiarfheistiú domhain [...] - Ba chóir do gach comhlacht san earnáil phoiblí plean stoic foirgneamh a fhorbairt [...] chun a stoc foirgneamh a iarfheistiú chun spriocanna CAP a chomhlíonadh - Mar chuid den phlean stoic foirgneamh, ba cheart do chomhlachtaí san earnáil phoiblí bailiú sonraí a dhéanamh agus machnamh a dhéanamh ar na príomhtháscairí feidhmíochta iarfheistithe fadtéarmacha (go dtí 2050) chun a stoc foirgneamh go léir a uasghrádú go foirgnimh atá beagnach neodrach maidir le fuinneamh nó go foirgnimh astaíochtaí nialasacha [...]	Is tionónta de chuid OOP é ÚMICÉ, agus tá sé faoi réir threoirlínte OOP sa réimse seo	N/B mar atá thall
Feithiclí astaíochtaí nialasacha amháin a fháil (a cheannach nó a léasú) [...]	Ní cheannaíonn ÚMICÉ feithiclí	N/B mar atá thall

GLUAIS

ACCA	Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte
an tAcht	Acht na gCuideachtaí 2014
AIA	Cumann na gCuntasóirí Idirnáisiúnta
APM	Bearta feidhmíochta malartacha
ARC	Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ÚMICÉ
an tÚdarás	Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann
CEA	An tÚdarás Forfheidhmithe Corparáideach
CEAOB	Coiste na gComhlachtaí Maoirseachta Iniúchóireachta Eorpacha
An Banc Ceannais	Banc Ceannais na hÉireann
an Chairt	Cairt ARC ISAASA
CIMA	Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta
CIPFA	An Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus um Chuntasaíocht
an Cód	An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
CPA	Institiúid na gCuntasóirí Poiblí Deimhnithe in Éirinn
CSRD	Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí
an Roinn	An Roinn Fiontar, Turasóireachta & Fostaíochta
EFRAG	An Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais
ESMA	An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí
ESRSanna	Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta
AE	An tAontas Eorpach
FRC	An Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe
GDPR	Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
GLEFI	Treoirlínte maidir le Forfheidhmiú Faisnéise Airgeadais
GLESI	Treoirlínte maidir le Forfheidhmiú Faisnéise Inbhuanaitheachta
I&D	Imscrúdú agus Araíonacht
ÚMICÉ	Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann
IAASB	An Bord Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Iniúchóireachta agus Dearbhaithe
IAS	Caighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta
ICAI	Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

IESBA	Bord na gCaighdeán Eitice Idirnáisiúnta do Chuntasóirí
IFAC	Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCuntasóirí
IFIAR	Fóram Idirnáisiúnta Rialtóirí Iniúcháireachta Neamhspleácha
IOSCO	Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCoimisiún Urrús
ISAE	Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le Rannpháirtíochtaí Dearbhaithe
ISAnna	Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht
Eisitheoir	Eintiteas a thagann faoi shainchúram ÚMICÉ faoi na Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE), 2007
ISQM	Caighdeán Idirnáisiúnta um Bainistiú Cáilíochta
an tAire	An tAire Fiontar, Turasóireachta & Fostaíochta
PAB	Comhlacht cuntasaíochta forordaithe
PIE	Eintiteas Leasa Phoiblí — eintitis a bhfuil urrúis liostaithe acu ar mhargadh rialáilte, institiúidí creidmheasa, agus gnóthais árachais
PIOB	Bord Maoirseachta Leasa Phoiblí
PSCAM	Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí
RAB	Comhlacht cuntasaíocht aitheanta
Creat tuairiscithe corparáideach ábhartha	An corp de chaighdeáin tuairiscithe corparáideacha, reachtaíocht, cóid agus rialacha a bhfuil sé de dhualgas ar eisitheoirí cloí leo agus a dtuarascálacha bliantúla agus leathbhliantúla corparáideacha á n-ullmhú acu
SIC	An córas um rialú inmheánach
SoRM	Sceideal na nÁbhar Forchoimeádta
TCA	Iniúcháir tríú tír
Rialacháin na Treorach Trédhearcachta	Rialacháin Trédhearcachta (Treoir 2004/109/CE) 2007 (I.R. Uimh. 277 de 2007) (arna leasú)



**Údarás Maoirseachta Iniúchta &
Cuntasaíochta na hÉireann**

Teach na Saileach
Páirc na Mílaoise,
An Nás, Co. Chill Dara
W91 C6KT

+353 45 983 600

www.IAASA.ie